Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Straitéis Nuálaíochta um Uathachas

Lúnasa 2024

Ullmhaithe ag An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
**gov.ie**

# Clár na nÁbhar


Treoir don doiciméad ... 2
Achoimre fheidhmeach ... 4
Téarmaíocht ... 8
1. Comhthéacs: An Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a Fhorbairt ... 10
2. Cad a dúradh linn ... 12
3. Cad a baineadh amach go dtí seo ... 19
4. Na rudaí a bhfuil muid tiomanta dá ndéanamh faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas ... 23

**Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de ... 25**
- **Glacadh agus tuiscint ... 25**
- **Oiliúint uathachais san earnáil phoiblí ... 27**

**Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí ... 30**
- **Inrochtaineacht: Eolas, seirbhísí agus an timpeallacht thógtha ... 30**
- **Luathfhoghlaim agus cúram leanaí ... 32**
- **Oideachas: An timpeallacht bunscoile agus iar-bhunoideachais ... 33**
- **Oideachas: An timpeallacht bhreisoideachais agus ardoideachais ... 35**
- **Fostaíocht ... 37**
- **Cúram sláinte agus sóisialta ... 40**
- **Ceartas ... 44**

**Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha ... 46**
- **Ealaíona agus cultúr ... 46**
- **Leabharlann ... 47**
- **Clóis súgartha poiblí ... 48**
- **Spórt ... 48**
- **Iompar ... 49**
- **Sa phobal ... 50**

**Colún 4: Cumas a thógáil ... 52**
- **Féinabhcóideacht ... 52**
- **Tacaíocht do thuismitheoirí ... 52**
- **Teicneolaíocht chúnta ... 53**
- **Sonraí ... 54**
- **Taighde ... 55**

5. Monatóireacht agus cur i bhfeidhm ... 56
Aguisín 1 ... 59
Aguisín 2 ... 63

# Treoir don doiciméad

Tá an doiciméad roinnte sna codanna seo a leanas againn:

| | |
|---|---|
| **Achoimre fheidhmeach** | Sa chuid seo, tugaimid achoimre ghairid ar an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. |
| **Téarmaíocht** | Sa chuid seo, déanaimid cur síos ar na príomhthéarmaí a mbainimid úsáid astu sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. |
| **Comhthéacs: An Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a Fhorbairt** | Sa chuid seo, déanaimid cur síos ar an gcaoi ar fhorbraíomar an Straitéis seo, an cur chuige ar ghlacamar agus na comhairliúcháin ar reáchtálamar. Déanaimid cur síos freisin ar an gcaoi ina bhfuil an Straitéis nasctha le gníomh níos leithne ar mhíchumas agus comhionannas. |
| **Cad a dúradh linn** | Sa chuid seo, labhraímid faoin uathachas agus na rudaí a dúradh linn le linn na gcomhairliúchán poiblí. Tugaimid eolas freisin ar na sonraí a bhfuil fáil orthu maidir le huathachas, go háirithe sna réimsí oideachais agus sláinte, ach tuigtear dúinn go bhfuil bearnaí sna sonraí a bhfuil fáil orthu. |
| **Cad a baineadh amach go dtí seo** | Sa chuid seo, tugaimid samplaí de réimsí gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu ar fud na hearnála poiblí chun tacú le daoine uathacha agus le daoine eile atá faoi mhíchumas.<br><br>Ní liosta cuimsitheach é seo de gach a tarlaíodh nó a bhfuil ag tarlú, agus aithnímid go bhfuil ann do bhearnaí sna seirbhísí agus sna tacaíochtaí a bhfuil fáil orthu. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Nualaíochta um Uathachas aghaidh a thabhairt ar na bearnaí seo de réir a chéile. |

**Na rudaí a bhfuil muid tiomanta dá ndéanamh faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas**

Sa chuid seo, leagaimid amach na rudaí a bhfuil muid tiomanta dá ndéanamh thar shaolré 18 mí na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas. D'eagraíomar na gníomhaíochtaí seo agus ar bhfís maidir le cad is gá a dhéanamh faoi na ceithre cholún seo a leanas:

- **Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais dey**
- **Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí**
- **Colún 3: Pobail inrochtana, cuimsitheacha, agus**
- **Colún 4: Cumas a thógáil.**

Roinntear gach colún i dtéamaí. Cuimsítear gníomhaíochtaí aonair i ngach téama lena gcuirfear in iúl duit:

- An toradh a bheidh ann don duine uathach agus do na daoine thart timpeall orthu
- Na rudaí a dhéanfar chun an toradh sin a bhaint amach, agus
- Cé a bheidh freagrach as an ngníomhaíocht a sholáthar.

**Monatóireacht agus cur i bhfeidhm**

Sa chuid seo, tugaimid achoimre ar an gcaoi a dtabharfaimid faoi fhaireachán agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

**Aguisíní**

Aimseoidh tú dhá aguisín sa chuid seo.

Tá sonraí níos mionsonraithe ar uathachas in Aguisín 1 a bhaineann leis na sonraí a sholáthraítear i gCuid 2 den Straitéis.

Soláthraítear liosta in ord aibítre in Aguisín 2 de na Ranna Rialtais, na gníomhaireachtaí reachtúla, na comhlachtaí leathstáit agus na comhlachtaí eile uile atá bainteach sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a sholáthar.

# Achoimre fheidhmeach

*Clár an Rialtais:* Cuimsítear in *Ár dTodhchaí le Chéile* gealltanas i dtaca le gníomhaíocht náisiúnta ar uathachas. Is aitheantas é seo ar an ngá atá ann le haghaidh a thabhairt ar na bearnaí i seirbhísí agus tacaíochtaí reatha le haghaidh daoine uathacha.

In 2021, d'fhógair an tAire Stáit a bhfuil freagracht speisialta aici as Míchumas, Anne Rabbitte, a rún i dtaca le straitéis náisiúnta uathachais nua a fhorbairt, an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Cuimsíodh roinnt céimeanna i bhforbairt na Straitéis Nuálaíochta um Uathachas agus chomhordaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige í. Mar straitéis uile-rialtais, agus é ag teacht leis an gcur chuige tús áite don phríomhshruth i leith ábhar míchumais, cuirfidh Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí eile ar fud an rialtais gníomhaíochtaí faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas i bhfeidhm.

Ba chuid lárnach d'fhorbairt na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas é comhairliúchán leis an bpobal uathach, a dteaghlaigh agus na daoine a thacaíonn leo ón tús. Reáchtáladh dhá chomhairliúchán poiblí i mí na hAibreáin 2022 agus mí Feabhra 2024 chun tuairimí an phobail uathaí, na ndaoine a thacaíonn leo agus páirtithe leasmhara eile a lorg.

Le linn an chéad chomhairliúcháin phoiblí i mí na hAibreáin 2022 labhair freagróirí linn faoi na príomhdhúshláin agus bacainní a bhíonn roimh dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh in Éirinn.

Le linn an dara comhairliúcháin phoiblí i mí Feabhra 2024, d'iarramar ar fhreagróirí a machnamh a dhéanamh ar an dréacht Straitéise um Uathachas. Ghlac breis is 370 duine agus eagraíocht páirt sa chomhairliúchán. Chuir freagróirí in iúl na réimsí ar mheas siad go bhfuil an tábhacht is mó ag baint leo faoin Straitéis agus ar cheap siad go mbeadh an tionchar dearfach is mó acu. Tháinig oideachas sláinte agus cúraim shóisialta chun cinn mar phríomhréimsí tosaíochta le haghaidh tromlach na bhfreagróirí, chomh maith leis an bhfeachtas glactha agus tuisceana, agus oideachas uathachais.

Le linn an dá chomhairliúcháin, chuir daoine in iúl dúinn gur galar dofheicthe é an t-uathachas a théann i bhfeidhm ar dhaoine éagsúla i mbealaí éagsúla. D'fhéadfaí go mbeadh riachtanais tacaíochta éagsúla ag daoine uathacha. Is é atá i gceist le huathachas ná go n-oibríonn inchinn duine uathach i mbealach difriúil ó dhaoine nach bhfuil uathach. Is grúpa éagsúil iad daoine uathacha, ach is minic go mbíonn dúshláin chomhchoiteann rompu toisc nach dtuigtear uathachas i gceart nó nach nglactar leis.

Tá an tábhacht a bhaineann le friotal agus téarmaíocht thart timpeall ar uathachas tagtha chun cinn mar phríomhcheist. Tharraing freagróirí aird ar bhearnaí i dtaca le leordhóthanacht agus cuimsitheacht na sonraí atá ann cheana agus an taighde ar uathachas.

I mí na Nollag 2022, ceapadh an Grúpa Faireacháin agus Comhairleoireachta ar an Straitéis Nualaíochta um Uathachas tar éis phróiseas iarratais. Comhdhéantar an grúpa, atá néara-éagsúil den chuid is mó, de dhaoine uathacha chomh maith le gairmithe, tuismitheoirí agus eagraíochtaí.

Bhí aiseolas ón phobal uathach agus ó pháirtithe leasmhara eile mar bhonn eolais dhíreach d'fhís agus do chur chuige na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas.

Is toradh ar rannpháirtíocht le réimse Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit í an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas le haontú ar ghníomhaíochtaí a mbeidh tionchar fiúntach acu ar shaolta na ndaoine uathacha le linn tréimhse 18 mí na Straitéise.

Bhí machnamh cúramach ar na moltaí ar chuir Comhchoiste an Oireachtais ar Uathachas chun tosaigh ina thuarascáil dheireanach mar chuid den rannpháirtíocht sin. Cuireadh sraith chuimsitheach moltaí i láthair leis an tuarascáil sin i dtaca le feabhas a chur ar shaolta na ndaoine uathacha in Éireann. Rinneadh iarrachtaí na moltaí seo a léiriú sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, ina dtéann moltaí an Choiste i ngleic le dúshláin ar leith na ndaoine uathacha.

Tacaítear le daoine uathacha agus le daoine atá faoi mhíchumas éigin eile le réimsí creataí atá ann cheana ar fud an rialtais. Aithnítear leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, áfach, go bhfuil obair shuntasach le déanamh fós chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na seirbhísí agus na dtacaíochtaí le haghaidh daoine uathacha in Éirinn.

Cuirtear creat ar fáil leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas le haghaidh gníomhaíocht tras-rialtais ar uathachas thar thréimhse 18 mí. Dearadh í le go gcuirtear le gníomhaíocht níos leithne ar uathachas léi agus go bhfeabhsaítear amhlaidh freisin trí bhéim a leagan ar réimsí ina mbíonn dúshláin agus bacainní ar leith roimh dhaoine uathacha. Áirítear le gníomh atá ann cheana agus gníomh atá beartaithe chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas, daoine uathacha san áireamh, an Straitéis Míchumais Náisiúnta nua, an *Plean Gníomhaíochta ar Sheirbhísí Míchumais 2024 – 2026 agus an Plean le haghaidh Feabhsú Seirbhíse 2023 – 2026: Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga.*

Is é fís na Straitéise Nualaíochta um Uathachas na codanna a chur ar fáil le haghaidh sochaí níos cuimsithe, ina dtuigtear daoine uathacha agus ina bhfuil cothromas deise acu le bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha, sóisialta agus

eacnamaíoch agus chun saolta fiúntacha agus sásta a bheith acu mar bhaill pobail a dtugtar luach dóibh. Sa chaoi sin, tá an Straitéis Nualaíochta um Uathachas fréamhaithe go domhain i bprionsabail an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas de chuid na Náisiún Aontaithe.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis tacú le daoine uathacha i mbealach níos iomláine agus níos comheagraithe trí réimse gníomhartha a sholáthrófar le linn saolré 18 mí na Straitéise. Tá sé mar aidhm aige freisin dúshraith a sholáthar le haghaidh tuiscint agus freastal príomhshrutha feabhsaithe ar riachtanais na ndaoine uathacha ar fud na hearnála poiblí agus na sochaí.

Tá ceithre cholún ag an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas agus cuimsítear breis is 80 gníomhaíocht inti. Déantar na gníomhaíochtaí seo a gcomheagrú de réir téama faoi na ceithre cholún mar seo a leanas:

### Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de

- Glacadh agus tuiscint
- Oiliúint uathachais san earnáil phoiblí

### Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí

- Inrochtaineacht: Eolas, seirbhísí agus an timpeallacht thógtha
- Luathfhoghlaim agus cúram leanaí
- Oideachas: An timpeallacht bunscoile agus iar-bhunoideachais
- Oideachas: An timpeallacht bhreisoideachais agus ardoideachais
- Fostaíocht
- Cúram sláinte agus sóisialta
- Ceartas

### Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha

- Ealaíona agus cultúr
- Leabharlann
- Clóis súgartha poiblí
- Spórt
- Iompar
- Sa phobal

### Colún 4: Cumas a thógáil

- Féinabhcóideacht
- Tacaíocht do thuismitheoirí
- Teicneolaíocht chúnta
- Sonraí
- Taighde

Tá struchtúr láidir faireacháin agus cur i bhfeidhm atá faoi stiúir na bpáirtithe leasmhara mar bhonn faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. Beidh an struchtúr faireacháin faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas ailínithe leis an struchtúr faireacháin a bunaíodh don Straitéis Náisiúnta Míchumais.

Ag croílár chóras maoirseachta agus monatóireachta na Straitéise tá Grúpa Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas. Beidh ról lárnach ag an ngrúpa seo i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise, chomh maith le comhairle fhiúntach a sholáthar chun obair uile-rialtais ar uathachas a threorú bunaithe ar eispéireas agus ar shaineolas de chuid bhaill an ghrúpa.

Déanfar faireachán agus measúnú ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí ag Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí eile trí thuarascálacha dul chun cinn rialta. Sainaithneoidh Grúpa Maoirseachta agus Comhairleoireachta na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas gníomhaíochtaí tosaíochta agus cuirfidh sé ar aghaidh iad le bheith pléite at cruinnithe Choiste Stiúrtha na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas. Déanfaidh an tAire Stáit a bhfuil freagracht speisialta aige/aici as Míchumas cathaoirleacht ar an gCoiste Stiúrtha agus comhdhéanfar é d'ionadaithe ó Ranna Rialtais agus gníomhaireachta stáit ábhartha chomh maith le hionadaithe ón Ghrúpa Comhairleoireachta agus Maoirseachta. Tiocfaidh an Coiste Stiúrtha le chéile gach 6 mhí.

Ullmhóidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tuarascáil deiridh tar éis chur i gcrích na Straitéise, i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Faireacháin agus Comhairleach. Léireofar sa tuarascáil an dul chun cinn a baineadh amach faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas agus cuimseofar inti moltaí chun aitheantas príomhshrutha riachtanais na ndaoine uathacha a chur chun cinn tuilleadh agus a neadú amach anseo.

# Téarmaíocht

Tá friotal ríthábhachtach don phobal uathach. Is iad seo a leanas cuid de na príomhthéarmaí a mbainimid úsáid astu sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, agus cur síos gairid ar a bhfuil i gceist againn leo. Tá sé tábhachtach freisin go n-aithnítear gur féidir le roghanna friotail athrú agus claochlú.

| | |
|---|---|
| **Uathachas** | Bainimid úsáid as an téarma seo chun tagairt a dhéanamh do gach duine atá uathach, lena n-aithnítear gur daoine aonair atá faoi mhíchumas iad daoine uathacha a bhfuil riachtanais tacaíochta éagsúla acu. |
| **Oiriúntach don uathachas** | Bainimid úsáid as an téarma seo chun tagairt a dhéanamh d'athruithe a dhéanamh do rannpháirtíocht sóisialta, cumarsáid agus spás fisiciúil, de réir phrionsabail Dearaidh Uilíoch, atá oiriúnach do riachtanais na ndaoine uathacha, agus aithnímid gur féidir leis seo a bheith difriúil do gach duine uathach. |
| **Daoine uathacha agus daoine eile atá faoi mhíchumas** | Déanaimid cur síos ar dhuine éigin mar 'dhuine uathach' seachas 'duine a bhfuil uathachas orthu'. Bainimid úsáid as friotal lena dtugtar 'tús áite don fhéiniúlacht'. Cuireadh an rogha seo i láthair go soiléir sna próisis chomhairliúcháin atá mar bhonn eolais don Straitéis seo. Tá sé tábhachtach, áfach, go n-iarrtar a rogha ar dhuine uathach, ós rud é gur féidir le roghanna friotail a bheith éagsúil ar fud phobal an uathachais. |
| **Duine uathach** | Déanaimid cur síos ar dhuine éigin mar 'dhuine uathach' seachas 'duine a bhfuil uathachas orthu'. Bainimid úsáid as friotal lena dtugtar 'tús áite don fhéiniúlacht'. Cuireadh an rogha seo i láthair go soiléir sna próisis chomhairliúcháin atá mar bhonn eolais don Straitéis seo. Tá sé tábhachtach, áfach, go n-iarrtar a rogha ar dhuine uathach, ós rud é gur féidir le roghanna friotail a bheith éagsúil ar fud phobal an uathachais. |
| **Néaraidhearfach** | Bainimid úsáid as an téarma seo chun cur síos a dhéanamh ar chur chuige bunaithe ar láidreachtaí- agus chearta i dtaca le tacaíocht a thabhairt do dhaoine uathacha agus lena bhféiniúlacht a dhearbhú, agus aird a thabhairt don chaoi is fearr chun freastal orthu agus chun tacú leo mar dhaoine aonair. |

**Néara-éagsúil**

Bainimid úsáid as an téarma seo le haithint go bhfuil daoine uathacha néara-éagsúil agus go bhfuil siad mar chuid de phobal néara-éagsúil níos leithne. Cuimsítear sa phobal seo daoine a bhfuil neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde (NHEA), dioscalcúile, disléicse agus diospraicse orthu, i measc rudaí eile. Bíonn eispéireas saoil difriúil ag daoine néara-éagsúla agus déanann siad caidreamh leis an saol i mbealaí éagsúla. Cé gurb é uathachas béim na Straitéise seo, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí eile tionchar dearfach agus cumhachtaithe a bheith acu ar dhaoine néara-éagsúla eile.

Is ann do thuairimí éagsúla faoi úsáid na dtéarmaí, néara-éagsúil, néara-éagsúlacht agus néaratipiciúil. Tá forbairt ag teacht ar úsáid na dtéarmaí seo agus an chaoi in gcuirtear i bhfeidhm iad i gcomhthéacs soláthair sheirbhíse, agus tugtar aitheantas dó sin le húsáid na dtéarmaí sin sa doiciméad seo.

**Balbh nó íoslabhartha**

Bainimid úsáid as an téarma seo chun tagairt a dhéanamh do dhaoine uathacha a d'fhéadfaí nach mbainfidís úsáid as focail labhartha, a mbainfidís úsáid as cúpla focal labhartha, nó nach mbainfidís úsáid as focail labhartha an t-am ar fad. Ní hionann gan úsáid a bhaint as focail labhartha agus a rá nach ndéanann an duine uathach sin cumarsáid, nach féidir leis/léi cumarsáid a dhéanamh, nó nach dtuigeann siad aon teanga. Déanann roinnt daoine balbha cumarsáid i mbealaí éagsúla ag baint úsáide as modhanna breisithe agus malartacha, amhail gléasanna, scríbhneoireacht, agus córais chomharthaíochta. Déanann daoine eile cumarsáid trí mhodhanna eile, amhail fuaimeanna, gothaí gnúise, comharthaí agus pointeáil.

**Daoine a bhfuil míchumais orthu**

Bainimid úsáid as an téarma seo tríd an doiciméad seo. Is fearr le roinnt daoine an téarma 'duine ata faoi mhíchumas' agus is fearr le roinnt daoine eile 'duine a bhfuil míchumas orthu'. Tá eolas curtha ar fáil dúinn ag an friotal a úsáidtear ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas mar bhonn eolais don téarma a bhainimid úsáid as do, 'daoine a bhfuil míchumas orthu'. Léirítear leis seo réamhrá an Choinbhinsiúin. Cuirtear béim leis ar mhíchumas mar choincheap atá ag forbairt agus go n-eascraíonn míchumas as an idirchaidreamh idir duine a bhfuil míchumas orthu agus na bacainní lena gcuirtear bac ar a rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtúil sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile.

# 1. Comhthéacs: An Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a Fhorbairt

*Clár an Rialtais:* Cuimsítear in *Ár dTodhchaí Le Chéile* tiomantas go dtugtar faoi ghníomh i leith uathachais. I mí na hAibreáin 2021, ar Lá Domhanda Feasachta ar Uathachas, d'fhógair an tAire Stáit a bhfuil freagracht speisialta aici as Míchumas, Anne Rabbitte, a rún i dtaca leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a fhorbairt mar mheicníocht le dul i ngleic leis na dúshláin shaincheaptha atá roimh dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh in Éirinn.

Chomhordaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige forbairt na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas.

Baineadh roinnt céimeanna le próiseas na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas a fhorbairt. Ba chuid lárnach ó thús na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas a fhorbairt é comhairliúchán leis an bpobal uathach, lena dteaghlaigh agus na ndaoine a dtacaíonn leo, agus le páirtithe leasmhara eile.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí tosaigh idir mhí na hAibreáin agus mí na Bealtaine 2022 chun aiseolas, tuairimí agus léargais a bhailiú maidir leis na bacainní reatha atá roimh dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh. Is féidir rochtain a fháil ar thuarascáil chomhairliúcháin ina dtugtar achoimre agus ina ndéantar anailíse ar an aiseolas a fuarthas ón chomhairliúchán poiblí tosaigh anseo.

Ceapadh Grúpa Maoirseachta agus Comhairleoireachta na Straitéise Nualaíochta um Uathachas i mí na Nollag 2022, tar éis phróiseas iarratais. Comhdhéantar an grúpa, atá néara-éagsúil den chuid is mó, de dhaoine uathacha chomh maith le gairmithe, tuismitheoirí agus eagraíochtaí. Beidh ról tábhachtach ag an ngrúpa i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise agus le comhairle agus treoir a sholáthar le bheith mar bhonn eolais don ghníomhaíocht uile-rialtais ar uathachas.

Tar éis fhoilsiú na céad tuarascála comhairliúcháin phoiblí agus cheapachán Grúpa Maoirseachta agus Comhairleoireachta na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas, cuireadh tús leis an obair ar dhréacht den Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a ullmhú.

Ós rud é gur Straitéis uile-rialtais atá inti, reáchtáladh rannpháirtíochtaí déthaobhacha fairsinge le Ranna Rialtais ábhartha agus gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí eile chun gníomhaíochtaí a shainaithint chun freagairt do na ceisteanna a ardaíodh sa chomhairliúchán poiblí.[1]

Cuimsítear[1] liosta de na Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla, comhlachtaí leathstáit agus comhlachtaí eile atá bainteach i Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a sholáthar in Aguisín 2.

Le linn an phróisis seo, rinneadh machnamh ar na moltaí i *dTuarascáil Deiridh an Chomhchoiste ar Uathachas*. Sa chás ina dtugtar aghaidh na dúshláin ar leith le haghaidh daoine uathacha, rinneadh iarrachtaí na moltaí seo a léiriú sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Foilsíodh an dréacht Straitéise Nuálaíochta um Uathachas, chomh maith le leagan soléite de dréacht Straitéise, i mí Feabhra 2024. Cuireadh tús leis an dara próiseas comhairliúcháin i mí Feabhra 2024, chun deis sa bhreis a thabhairt don phobal uathach, na daoine a thacaíonn leo agus páirtithe leasmhara eile a dtuairimí a chur in iúl ar an Straitéis sula gcuirtear i gcrích agus seoltar í.

**Ghlac líon iomlán de 372 duine agus eagraíocht páirt sa dara comhairliúchán seo.**

**Agus sholáthair 353 duine agus eagraíocht freagairt suirbhé nó aighneacht scríofa.**

**Ghlac 19 daoine breis páirt i gcomhairliúcháin spriocdhírithe le grúpaí nach minic go dtugtar cluas éisteachta dóibh, lena n-áirítear 13 leanbh uathach agus 6 duine fásta uathach balbh nó nach labhraíonn go minic.**

**Chomh maith leis sin, reáchtáladh cruinniú de Ghrúpa Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise um Nuálaíocht Uathachais chun an Dréachtstraitéis a phlé.**

Le linn na céime deireanach seo den chomhairliúchán poiblí, d'iarramar ar dhaoine a dtuairimí a chur ar fáil ar ghnéithe éagsúla den dréachtstraitéis, lena n-áirítear:

- Soiléireacht agus inrochtaineacht an fhriotail a bhaintear úsáid as sa dréachtstraitéis
- An rud ba mhó ar thaitin leo faoin dréachtstraitéis
- Réimsí ar cheap siad gurbh fhéidir feabhas a chur orthu sa dréachtstraitéis
- Na réimsí ar cheap siad gurb iad na cinn is tábhachtaí le haghaidh gníomhaíocht ina leith a shainaithint
- Spriocphobail agus príomhtheachtaireachtaí a shainaithint le haghaidh feachtas glactha agus tuisceana ar uathachas, agus
- Aon bharúlacha eile faoin Straitéis.

Cuireadh an t-aiseolas ón dara comhairliúchán poiblí le chéile go cúramach agus rinneadh anailís air. Foilseofar tuarascálacha comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Léirítear leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas aiseolas a fuarthas ó na comhairliúcháin éagsúla. Léirítear léi freisin an rannpháirtíocht le réimse Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit le haontú ar ghníomhaíochtaí a mbeidh tionchar fiúntach acu ar shaolta na ndaoine uathacha le linn shaolré 18 mí na Straitéise.

Bhí roinnt phríomhphrionsabal mar bhonn faoin gcur chuige a glacadh agus an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas á forbairt, cuid acu a sainaithníodh mar chinn tábhachtacha le linn na gcomhairliúchán. Ba iad na príomhphrionsabail:

- Rannpháirtíocht agus comhairliúchán leis an bpobal uathach, lena n-áirítear daoine uathacha, eagraíochtaí ionadaíocha, tuismitheoirí, cúramóirí agus teaghlaigh, agus abhcóidí uathacha
- Gealltanas uileghabhálach dlús a chur le cearta an duine agus ionchuimsiú daoine uathacha
- Machnamh a dhéanamh ar na dúshláin roimh dhaoine uathacha le linn saolré an teaghlaigh, agus an gá le bheith freagrach d'eispéiris éagsúla, lena n-airítear na daoine úd a bhfuil réimse géarthacaíochtaí uathu

- An gá atá le gníomhartha follasacha a léiríonn na príomhthosaíochtaí i rith an tsaoil, cosúil le luathfhoghlaim agus cúram leanaí; oideachas agus oiliúint; fostaíocht; rannpháirtíocht agus ionchuimsiú pobail; meon an phobail; torthaí sláinte agus folláine; agus sonraí agus taighde
- An gá atá le gníomhartha soiléire agus freagrachtaí as seachadadh
- Faireachán éifeachtúil, neamhspleách chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí le linn tréimhse na Straitéise
- Maoiniú leordhóthanach do chur chun feidhme
- Eolas agus oiliúint d'ardchaighdeán dóibh siúd atá ag obair agus ag tacú le daoine uathacha, agus
- Naisc soiléire leis an gcomhthéacs polasaithe cearta daonna, míchumais agus comhionannais níos leithne.

Maidir le soiléireacht leis an gcomhthéacs polasaithe níos leithne, tá sé tábhachtach go mbeidh an Straitéis Nualaíochta um Uathachas ailínithe le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún in 2018. Ba chlochmhíle thábhachtach é seo i bpróiseas chun cearta na daoine atá faoi mhíchumas a neartú in Éirinn ó shínigh Éire an Coinbhinsiún in 2007. Glacann Éire cur chuige d'fhíorú céimnithe i dtaca le dualgais an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, is meicníocht thábhachtach í Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine le dul in ngleic le cearta daonna agus comhionannas. Is dualgas reachtúil é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine le haghaidh comhlachtaí poiblí in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí le hAlt 42(1) go mbeadh aird acu ar an ngá le deireadh a chur le leithcheal, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a mball foirne agus na ndaoine a mbaineann leas as a seirbhísí a chosaint, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu.

# 2. Cad a dúradh linn

### Forléargas

Le linn na bpróiseas comhairliúcháin éagsúla a bhí mar bhonn eolais don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, d'éisteamar le tuairimí an phobail uathach agus páirtithe leasmhara eile maidir lena dtosaíochtaí, agus na réimsí ar mhaith leo go gcuimseofar iad sa Straitéis seo. Tugtar achoimre ar chuid den aiseolas a fuaireamar sa chuid seo.

Dúradh linn gur míchumas dofheicthe é uathachas a théann i bhfeidhm ar dhaoine éagsúla i mbealaí éagsúla. D'fhéadfaí go mbeadh riachtanais tacaíochta éagsúla ag daoine uathacha. Is é atá i gceist le huathachas ná go n-oibríonn inchinn duine uathach i mbealach difriúil ó dhaoine nach bhfuil uathach. Bíonn tionchar ag uathachas ar an mbealach a smaoiníonn agus a mhothaíonn duine, agus ar thaithí duine ar an saol. Níl saintréithe uathacha uilíoch agus go minic baineann siad go sonrach le gach duine ar leith.

Ainneoin na ndifríochtaí seo, bíonn braistint chéannachta láidir ag daoine uathacha. Is ann do roinnt saintréithe comhchoiteanna, áfach, i measc daoine uathacha. D'fhéadfadh éagsúlachtaí i dtaca le próiseáil céadfach a bheith le tabhairt faoi deara, mar aon le stíleanna cumarsáide difriúla, agus spéis ar leith sna rudaí is maith leo a dhéanamh.

Is grúpa éagsúil iad daoine uathacha, sa chaoi chéanna ina bhfuil daoine neamhuathacha, agus comhdhéantar iad le daoine ó gach inscne, cine, cúlra agus aois. D'fhéadfadh riachtanais sláinte eile a bheith ar dhaoine uathacha freisin.

Go minic, bíonn dúshláin le sárú ag daoine uathacha de bhrí nach dtuigeann daoine neamhuathacha iad i gceart nó nach nglacann siad leo. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an easpa tuisceana seo ar an rochtain ar sheirbhísí atá ag duine éigin, ar mheabhairshláinte duine, ar a rochtain ar oideachas agus fostaíocht, agus ar a rannpháirtíocht sa phobal. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn le hiarrachtaí a bheith á ndéanamh ag daoine uathacha athrú nó cuid díobh féin a cheilt ionas go mbeidh siad cosúil le gach duine eile, rud a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus a d'fhéadfadh tuirse a chur orthu.

D'fhéadfaí go ngéarófaí ar na dúshláin le haghaidh grúpaí áirithe, amhail daoine fásta uathacha; daoine uathacha balbha nó atá íoslabhartha; mná agus cailíní uathacha; baill uathacha den phobal leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, agus idirghnéasach + (pobal LADTA+); agus baill uathacha de phobail an Lucht Siúil nó Romaigh.

## Aiseolas ó chomhairliúcháin phoiblí

Le linn an chéad chomhairliúcháin phoiblí, dúirt freagróirí linn faoi na príomhdhúshláin agus bacainní roimh dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh in Éirinn. Cuireadh iad seo in iúl trí dhíriú ar na heaspaí seo a leanas:

- Modhanna cumarsáide malartacha agus modhanna cumarsáide láidre le haghaidh gach duine uathacha balbha agus daoine íoslabhartha
- Sonraí, toisc go mbíonn tionchar ar an líon seirbhísí pleanála a bhfuil gá leo gan eolas a bheith againn faoi líon na ndaoine uathacha ag aon chéim saoil ar leith agus go gcruthaítear bacainní leis le haghaidh daoine uathacha i dtaca le rochtain a fháil ar na seirbhísí atá ag teastáil uathu
- Oideachas oiriúnach
- Deiseanna fostaíochta agus an tionchar atá aige seo ar leordhóthanacht ioncaim
- Seirbhísí agus tacaíochtaí sláinte
- Cuir chuige néaraidearfacha i measc roinnt gairmithe, agus
- Tuiscint i measc bhaill den phobail ar na dearcthaí i leith daoine uathacha, a d’fhéadfadh cur leis an stiogma diúltach, a chiallaíonn go samhlaítear gur ‘easnamh’ seachas difríocht atá i gceist le huathachas.

Le linn an dara chomhairliúchán phoiblí, d’iarramar ar fhreagróirí a machnamh a dhéanamh ar an dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas. Dúirt freagróirí gur thaitin cumas na Straitéise le haghaidh athrú a mbeadh tionchar aige, agus an bhéim a chuirtear ar cuimsiú agus rannpháirtíocht le daoine uathacha bunaithe ar chearta.

Chuir freagróirí in iúl freisin na réimsí den Straitéis ar mheas siad go raibh an tábhacht is mó ag baint leo agus na réimsí ar mheas siad go mbeadh an tionchar dearfach is mó acu. Tháinig sláinte agus cúram sóisialta chun cinn mar phríomhréimsí tosaíochta le haghaidh tromlach na bhfreagróirí, chomh maith leis an bhfeachtas glactha agus tuisceana agus oiliúint uathachais.

Ba iad sláinte agus cúram sóisialta, oideachas, agus oiliúint uathachais na trí réimse ar mheas tromlach na bhfreagróirí go raibh gá ann feabhas a chur orthu sa Straitéis deiridh.

Chuir freagróirí moltaí fiúntacha ar fáil maidir lei an gcaoi ar féidir gníomhaíochtaí faoin Straitéis a neartú nó a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Chuir siad moltaí ar fáil freisin le haghaidh gnéithe agus gníomhaíochtaí breise le bheith curtha san áireamh, le béim ar gníomhaíochtaí intomhaiste a shainaithint a mbeidh torthaí inbhraite mar thoradh orthu.

Príomhghné foghlama eile ón bpróiseas comhairliúcháin ba é an tábhacht a bhaineann le dul i mbun rannpháirtíochta le grúpaí nach dtugtar cluas éisteachta dóibh go minic. Thug daoine ar ghlac páirt sna comhairliúcháin spriocdhírithe luach as cuimse ar an deis páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin. Thug rannpháirtithe balbha agus iad siúd íoslabhartha faoi deara go háirithe gurbh é seo an chéad uair gur lorgaíodh a dtuairim sa bhealach seo.

### Na rudaí atá ar eolas againn ó shonraí agus taighde a bhfuil fáil air

Go hidirnáisiúnta, tá bearnaí sna sonraí atá ar fáil maidir le huathachas. Is ann do na bearnaí seo mar gheall ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear nach sainaithníodh roinnt mhaith daoine uathacha mar uathach go foirmeálta, go háirithe daoine fásta uathacha agus mná agus cailíní uathacha.

Is ann d'fhianaise go bhfuil difear suntasach i rátaí uathachais thar na hinscní: mar shampla, tá ceithre huaire níos mó seans ann go sainaithneofar fir mar dhaoine uathacha i gcomparáid le mná.[2]

Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil ag leibhéal idirnáisiúnta, tá fianaise ann de mhéadú i líon leanaí atá á sainaithint mar leanaí uathacha ag méadú. Sna Stáit Aontaithe Mheiriceá, tháinig méadú ar leanaí uathacha 8 mbliana d'aois a shainaithint ó 1 leanbh as 150 in 2000 go 1 leanbh as 36 in 2020.[3]

Sa Ríocht Aontaithe, léirítear sa daonáireamh scoile bliantúil i Sasana, Tuaisceart Éireann, Albain agus an Bhreatain Bheag, méadú ar an líon daltaí uathacha a shainaithin na scoileanna. I dTuaisceart Éireann, b'ionann daltaí uathacha agus 3.2% de dhaltaí faoi 2018–19.[4]

Ag an leibhéal náisiúnta, tá bearnaí comhchosúla ann i leordhóthanacht agus cuimsitheacht na sonraí a bhfuil fáil orthu faoi uathachas. I láthair na huaire, níl aon fhoinse sonraí aonair maidir le huathachas in Éirinn.

2 An Roinn Sláinte (2018) *Leitheadúlacht Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) a mheas i nDaonra na hÉireann: Athbhreithniú ar fhoinsí sonraí agus staidéir eipidéimeolaíocha.* Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/0cc791-reports-on-the-prevalence-of-autism-in-ireland-and-a-review-of-the-s/

3 Na hIonaid um Ghalair a Rialú agus a Chosc (2023) *Prevalence and Characteristics of Autism Spectrum Disorder Among Children Aged 8 Years — Autism and Developmental Disabilities Monitoring Network, 11 Suíomh, Na Stáit Aontaithe, 2020.* Ar fáil ag: https://www.cdc.gov/mmwr/volumes/70/ss/ss7011a1.htm

4 McConkey, R. (2020) *'The rise in the numbers of pupils identified by schools with autism spectrum disorder (ASD): a comparison of the four countries in the United Kingdom'*, Tacaíocht Foghlama, 35(2), pp. 132–143.

Bunaithe ar raon na sonraí atá ar fáil, measadh in 2018 go raibh daoine uathacha cothrom le idir 1.0% agus 1.5% de dhaonra na hÉireann.[5] Ag tarraingt ar chomparadóirí idirnáisiúnta, áfach, agus an méadú ar líon na ndaoine uathacha a mheastar le bheith ann ar fud roinnt fhoinsí náisiúnta, d'fhéadfaí go mbeadh líon na ndaoine uathacha in Éirinn níos airde. Is féidir tuilleadh eolais faoin sonraí náisiúnta ar uathachas a bhfuil fáil air a aimsiú in Aguisín 1 den doiciméad seo.

Sa chomhthéacs oideachais, mar shampla, tá méadú leanúnach tagtha ar líon na leanaí uathacha atá ag baint tairbhe as ranganna speisialta agus áiteanna i scoileanna speisialta. Bunaithe ar réamhshonraí le haghaidh na bliana scoile 2023-2024, is ann do bhreis is 14,500 dalta i ranganna uathachais i meánscoileanna agus i mbunscoileanna príomhshrutha. Is ionann seo agus 1.5% den daonra bunscoile agus meánscoile foriomlán.[6] Tá an chuid is mó den soláthar de ranganna speisialta breise le blianta beaga anuas dírithe ar thacaíocht a thabhairt do leanaí uathacha a bhfuil riachtanais chasta acu. Is leanaí uathacha iad breis is 92% de gach rang speisialta nua agus d'fhormhór na ranganna i scoileanna speisialta do leanaí uathacha anois.

Bhí méadú i líon na leanaí a sainaithnítear mar uathach i suíomhanna cúram sláinte agus sóisialta mar chuid den phróiseas Measúnaithe Riachtanas Reachtúil faoin Acht um Mhíchumas 2005. Ar an meán, b'ionann sainaithint uathachais agus 46% de na measúnuithe uile ar chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcrích idir 2015 agus 2023.

Léirítear le sonraí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freisin go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarrthóirí uathacha i measc fágálaithe scoile a bhfuil próifíl á déanamh orthu le haghaidh seirbhísí míchumais lae. B'ionann iarrthóirí uathacha agus 53% d'iarrthóirí ar fhágálaithe scoile iad in 2023.

Aimsíodh le sonraí ón Chóras Náisiúnta Tacaíochta Cumais, bunachar sonraí náisiúnta ar sheirbhísí míchumais, gurbh é uathachas an cineál míchumais do leanaí is mó a taifeadadh in 2022 (39%) agus an ceithre phríomhchineál míchumais is minice a taifeadadh do dhaoine fásta (5%).[7]

5 An Roinn Sláinte (2018) *Leitheadúlacht Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) a mheas i nDaonra na hÉireann: Athbhreithniú ar fhoinsí sonraí agus staidéir eipidéimeolaíocha.* Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/0cc791-reports-on-the-prevalence-of-autism-in-ireland-and-a-review-of-the-s/

6 Réamhfhigiúirí ó Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Roinn Oideachais, Aibreán 2024.

7 Tá sé tábhachtach go dtugtar faoi deara go bhfuil na sonraí ar chuir na Foirne Líonra Míchumais Leanaí ar ais le haghaidh leanaí níos neamhiomláine ná na sonraí ar chuir soláthróirí seirbhíse ar fáil le haghaidh daoine fásta a bhfuil rochtain á fáil acu ar sheirbhísí míchumais maoinithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá gá le sonraí feabhsaithe faoi uathachas in Éirinn ionas gur féidir pleanáil le haghaidh na seirbhísí agus tacaíochtaí a theastaíonn ó dhaoine uathacha.

Léirítear le taighde ar uathachas go dtí seo go bhfuil roinnt daoine uathacha faoi mhíchumas eile nó go bhfuil riachtanais sláinte eile acu, agus is iad neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde (NHEA), míchumais foghlama, neamhoird giúmair, titimeas, ticeanna agus siondróm Tourette na cinn is coitianta.

Tugtar le fios le taighde freisin gur dóchúla go mbeidh riochtaí ainsealacha meabhairshláinte agus sláinte fisiciúla ag daoine uathacha.[8] I *gClár Cliniciúil Náisiúnta ar Fhéindochar agus Idéú a Bhaineann le Féinmharú* de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, sainaithnítear an pobal uathach mar ghrúpa ag a bhfuil riachtanais shonracha a bhaineann le féindochar agus idéú féinmharfach.[9]

Dúshlán ar leith atá le sárú ag daoine uathacha go bhfuil uathachas dofheicthe i gcomparáid le míchumais eile. Bíonn roinnt daoine uathacha ag déileáil le tráma, traochadh, imní, dúlagar, deacrachtaí meabhairshláinte, neamhord struis iarthrámaigh agus neamhoird itheacháin de bhrí go mothaíonn siad nach dtuigeann daoine i gceart iad nó nach bhfuil tacaíocht cheart ar fáil dóibh.

Ta gá le tuilleadh taighde a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar phróifíl agus thaithí saoil na ndaoine uathacha thar aoiseanna, inscní, claontachtaí gnéis agus cúlraí éagsúla, agus a bhfuil riachtanais tacaíochta éagsúla acu.

8 Weir, E., Allison, C. and Baron-Cohen, S. (2022) 'Autistic adults have poorer quality healthcare and worse health based on self-report data', *Molecular Autism*, 13(23). Ar fáil ag: https://doi.org/10.1186/s13229-022-00501-w

9 *Clár Cliniciúil Náisiúnta ar Fhéindochar agus Idéú a Bhaineann le Féinmharú* Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (2022). Ar fáil ag: https://www.hse.ie/eng/about/who/cspd/ncps/self-harm-suicide-related-ideation/moc/mhncp-self-harm-model-of-care.pdf

# 3. Cad a baineadh amach go dtí seo

Le blianta anuas, bhí aistriú suntasach ann sa tírdhreach polasaithe agus reachtaíochta míchumais in Éirinn i dtreo shamhail tacaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine uathacha, a bhfuil bunús níos doimhne i cearta aici agus atá níos sóisialta.

Chuir daingniú na hÉireann den Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas in 2018 tuilleadh dlúis leis an bpróiseas seo. I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, is príomhfhócas é go ndéantar cinnte go dtacaítear le daoine atá faoi mhíchumas chun saolta iomlán dá rogha féin a bheith acu sa phobal, chomh maith le torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine atá faoi mhíchumais.

Tá sé tábhachtach go mbeidh gníomhaíocht níos leithne mar bhonn eolais don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, agus gurb amhlaidh a bheidh sé an bealach eile thart. Díreoidh an Straitéis Nualaíochta um Uathachas ar na dúshláin ar leith roimh dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh. Cuirfidh an Straitéis le roinnt tionscnamh míchumais níos leithne eile a bhfuil sé mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte do dhaoine atá faoi mhíchumais in Éirinn.

Mar shampla, tá iarrachtaí ar bun Straitéise Míchumais Náisiúnta nua a fhorbairt. Cuirfear an straitéis nua treoirphlean ar fáil, a forbraíodh i comhpháirtíocht le daoine atá faoi mhíchumais, do chlár oibre uaillmhianach chun cur i bhfeidhm leanúnach an Choinbhinsiúin agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chearta agus chuimsiú gach duine atá faoi mhíchumas.

Chomh maith leis sin, mar aitheantas ar an ngá atá ann le feabhsúcháin inbhraite a chur ar fáil do gach duine a thacaíonn seirbhísí míchumais leo, leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhísí Míchumais 2024 – 2026 clár 3 bliana chun feabhas a chur ar thoilleadh agus rochtain i leith seirbhísí míchumais. Tá sé mar aidhm aige freisin a chinntiú go mbeidh na seirbhísí dírithe ar dhaoine agus go dtugann siad rogha agus smacht do dhaoine, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún.

Maidir le feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí do leanaí atá faoi mhíchumas a bhfuil riachtanais chasta acu agus an rochtain orthu, leagtar amach sraith ghníomhaíochtaí sa Phlean le haghaidh Feabhsúchán Seirbhíse 2023 – 2026: Seirbhísí Míchumais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga a dearadh chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí míchumais do leanaí in Éirinn agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do leanaí agus dá dteaghlaigh. Tá sé mar aidhm ag an bPlean feabhsúcháin a sholáthar i bpríomhréimsí amhail soláthar seirbhíse comhtháite, rochtain ar sheirbhísí agus ar mheasúnú, pleanáil an lucht saothair, rannpháirtíocht le teaghlaigh, agus cosáin feabhsaithe idir seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta agus seirbhísí oideachais.

Chomh maith leis na tionscnaimh leasaithe níos leithne seo, tacaíonn réimse tionscnamh saincheaptha agus príomhshrutha ata ann cheana ar fud an rialtais. Tarraingítear aird ar chuid de na réimsí seo thíos.

### Ealaíona, cultúr agus spórt

- Soláthraíonn músaeim agus dánlanna náisiúnta raon tacaíochtaí saincheaptha do dhaoine uathacha. Mar shampla, tá scéal sóisialta agus léarscáileanna céadfacha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann le haghaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann – Músaem Shaol na Tuaithe i gCathair na Mart. Is féidir le Dánlann Náisiúnta na hÉireann spásanna ciúine thart timpeall na Dánlainne a shocrú ar iarratas. Cuireann an Dánlann cosantóirí cluaise agus plugaí cluaise ar fáil freisin agus reáchtálann siad cláir chuimsitheacha don phobal néara-éagsúil, lena n-áirítear daoine agus grúpaí uathacha.
- Tá AsIAM faighte ag Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhpháirtí comhoibríoch le dul i mbun oibre leis an Músaem i dtreo chreidiúnú AsIAM mar áit ina gCuirtear Fáilte roimh Uathachas. Mar chuid de seo beidh oiliúint d'fhoirne ar fud a shuíomhanna, Cairt Cuimsithe a fhorbairt agus Measúnú Timpeallachta Céadfaí foriomlán.
- Tacaíonn Spórt Éireann le réimse tionscnamh agus clár tríd a Chlár Cuimsithe Míchumais Spórt. I measc na dtionscnamh seo tá cláir tiomnaithe a forbraíodh le haghaidh daoine uathacha, amhail an cheardlann Uathachais sa Spórt.

### Luathfhoghlaim agus cúram leanaí

- Tá sé mar aidhm ag an samhail Rochtana agus Cuimsithe timpeallacht níos cuimsithe a chruthú i naíonraí trí thacaíochtaí uilíocha a sholáthar do shuíomhanna réamhscoile, chomh maith le tacaíochtaí spriocdhírithe lena ndírítear ar riachtanais an linbh aonair.
- Forbraíodh Treoirlínte ar Dhearadh Uilíoch le haghaidh suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim le go gcuimsítear gach leanbh leo, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas.
- Forbraíodh oiliúint próiseála céadfaí ríomhfhoghlama le haghaidh oidí.

### Oideachas

- Cuireadh tacaíochtaí sa bhreis ar fáil i scoileanna príomhshrutha, lena n-áirítear múinteoirí oideachais speisialta agus cúntóirí riachtanas speisialta sa bhreis.
- Cuireadh socrúcháin feabhsaithe i bhfeidhm chun soláthar na ranganna speisialta agus áiteanna sna scoileanna speisialta a phleanáil, a mhaoiniú agus a chomhordú, lena n-áirítear scoileanna speisialta nua a oscailt agus soláthar breise i ranganna speisialta.
- Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh tacaíochtaí teicneolaíochta cabhracha.
- Glacadh céimeanna chun prionsabail Dearaidh Uilíoch a chur chun cinn le haghaidh foirgnimh scoile agus le haghaidh foghlama araon chun timpeallacht foghlama cuimsitheach a chruthú do chách.
- Cuireann Ionad Uathachais an Bhaile Láir (arna gcomhmhaoiniú ag an Roinn Oideachais i bPoblacht na hÉireann agus an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann) cláir oiliúna proifisiúnta agus tuismitheora ar fáil chomh maith le tacaíochta measúnaithe agus idirghabhála.

### Fostaíocht

- Tá tús curtha ag ionaid Intreo (a chuireann tacaíochtaí fostaíochta agus ioncaim ar fáil) le seomraí ciúine, suaimhneacha a shainaithint chun tacú le húsáideoirí uathacha.
- Cuireadh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí réimse socraithe réasúnta ar fáil d'iarrthóirí atá faoi mhíchumas mar chuid den phróiseas earcaíochta agus roghnaithe.
- Forbraíodh spásanna oibre laistigh den líonra Mhol Nasctha.

### An timpeallacht bhreisoideachais agus ardoideachais

- Cuireann an Ciste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas maoiniú ar fáil d'institiúidí breis oideachais agus ardoideachais chun cabhrú leo i dtaca le tacaíochtaí agus seirbhísí a sholáthar do mhic léinn atá faoi mhíchumas agus do mhic léinn uathacha le gur féidir leo rannpháirtíocht iomlán a bheith acu ina gcúrsa staidéir roghnaithe agus é a chur i gcrích go rathúil.
- Cuireadh maoiniú ar fáil faoin gClár le haghaidh Rochtain ar Ardoideachas (COSÁN 4) chun tacú le timpeallachtaí cuimsitheacha, a dearadh go huilíoch le haghaidh gach mac léinn, lena n-áirítear mic léinn uathacha agus mic léinn a bhfuil míchumas intleachtúil acu.

### Cúram sláinte agus sóisialta

- Faoin gClár Feabhsaithe Seirbhíse don Phobal Uathach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tá obair ar bun chun cur chuige measúnaithe caighdeánaithe a fhorbairt le haghaidh úsáide i ngach seirbhís ina ndéileáiltear le measúnú a dhéanamh ar dhaoine uathacha.
- Tá clár eolais inrochtana á fhorbairt freisin le haghaidh daoine uathacha agus a dteaghlaigh, chomh maith le cúramóirí agus soláthróirí seirbhíse.
- Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maoiniú de €1 milliún ar fáil don Chlár Tacaíochta Cumarsáide Breisitheach agus Malartach, lena soláthrófar eolas agus oiliúint chun tacú le húsáideoirí agus na daoine thart timpeall orthu. Bainfear úsáid as maoiniú chun gléasanna a cheannach freisin.
- Cuireadh maoiniú ar fáil don eagraíocht AsIAm chun Líne Eolais Uathachais a fheidhmiú. Cuireann an líne eolais seo tacaíocht guthàin, ríomhphoist agus teachtaireachtaí díreacha ar fáil do dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh.

### Tithíocht

- Déantar ionadaíocht ar dhaoine uathacha mar chuid den struchtúr monatóireachta do chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Tithíochta le haghaidh Daoine atá faoi Mhíchumas 2022-2027.
- Ta fáil ar an Deontas Leasaithe Tithíochta le haghaidh Daoine atá faoi Mhíchumas chun cabhrú le hoibreacha a chur i gcrích a bhfuil gá réasúnta chun teach a oiriúnú do dhuine atá faoi mhíchumas leanúnach, lena n-áirítear míchumais chéadfacha.

- Bunaíodh grúpaí idirghníomhaireachta réigiúnacha faoin Straitéis Náisiúnta Tithíochta le haghaidh Daoine atá faoi Mhíchumas 2022-2027 chun dea-chleachtas a roinnt maidir l tacaíocht a thabhairt do dhaoine ata faoi mhíchumais agus iad ag déanamh iarratais ar thacaíocht tithíochta sóisialta ar fud na n-údarás áitiúil.

### Sa phobal

- Cuireadh seirbhísí céadfacha ar fáil i leabharlanna poiblí, lena n-áirítear cochaill chéadfacha, bréagáin chéadfacha agus acmhainní eile.

### Ceartas

- Cuireadh an Cárta Just a Minute (JAM) i bhfeidhm ar fud na Seirbhíse Cúirteanna. Tá oiliúint JAM faighte ag breis is 75% de bhaill foirne na Seirbhíse Cúirteanna, agus tá sí mar chuid d’ionduchtú na mball foirne nua uile.
- Tá roinnt tionscnamh oiliúna maidir le huathachas laistigh den Gharda Síochána cheana féin, lena n-áirítear le haghaidh Gardaí faoi oiliúint.
- Tá roinnt tionscnamh oiliúna agus forbartha bunaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Promhadh a bhfuil sé mar aidhm acu eolas a mhéadú maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine uathacha.

### Iompar

- Ceanglaítear ar bhaill foirne a bhíonn ag déileáil le custaiméirí i gcuideachtaí iompair phoiblí oiliúint feasachta míchumais a fháil. Áirítear leis seo oiliúint ar mhíchumais de gach cineál, lena n-áirítear uathachas, ar gá é a athnuachan gach 3 bliana.
- Seoladh an Tionscnamh Prepare me AsIAm[10] le haghaidh Iompar Poiblí chun tacú le daoine uathacha maidir le hiompar poiblí a úsáid agus le pleanáil ina leith trí fhíseáin, ghrianghraif agus scéalchláir.
- Cuireadh an Cárta JAM i bhfeidhm, lena ligtear do dhaoine uathacha agus do dhaoine eile a chur in iúl go discréideach do dhaoine eile go bhfuil ‘nóiméad’ foighne ag teastáil uathu agus iompar poiblí á úsáid acu.
- In 2023, dháiligh Iarnród Éireann 1,500 pacáiste céadfacha do phaisinéirí uathacha. Sa phacáistí seo tá cosantóirí cluaise, rothán méire, spéaclaí gréine agus scéalchlár.

Aithnítear leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas go bhfuil obair shuntasach fós le déanamh chun tacú le daoine uathacha in Éirinn. Cuirfidh an Straitéis obair atá ann cheana chun cinn tuilleadh trí shraith gníomhaíochtaí a dearadh chun réitigh inbhraite a sholáthar do dhúshláin, riachtanais agus thaithí na ndaoine uathacha agus chun dúshraith dhaingean a thógáil le haghaidh seirbhísí agus tacaíochtaí feabhsaithe amach anseo.

10 Transport for Ireland (n.d.) *Prepare me...As I am*. Ar fáil ag: https://www.transportforireland.ie/prepare-me-as-i-am/

# 4. Na rudaí a bhfuil muid tiomanta dá ndéanamh faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas

### Fís, prionsabail agus luachanna

Soláthróidh an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas creat do ghníomhartha tras-Rialtais maidir le huathachas. Dearadh é chun cur le agus chun feabhas a chur air ghníomhartha níos leithne ar mhíchumas agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i seirbhísí agus tacaíochtaí atá ann cheana. Sainaithníonn an Straitéis gníomhartha simplí breise ar féidir iad a sholáthar faoi cheann tréimhse 18 mí agus ar féidir dúshraith a sholáthar le haghaidh seirbhísí agus tacaíochtaí feabhsaithe do dhaoine uathacha.

Is é fís na Straitéise Nualaíochta um Uathachas na codanna a chur ar fáil le haghaidh sochaí níos cuimsithe, ina dtuigtear daoine uathacha agus ina bhfuil cothromas deise acu le bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch agus chun saolta fiúntacha agus sásta a bheith acu mar bhaill pobail a dtugtar luach dóibh.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis tacú le daoine uathacha i mbealach níos iomláine agus níos comheagraithe trí réimse gníomhartha a sholáthrófar le linn saolré 18 mí na Straitéise. Tá sé mar aidhm aici freisin dúshraith a sholáthar le haghaidh tuisceana agus freastail phríomhshrutha feabhsaithe ar riachtanais na ndaoine uathacha ar fud na hearnála poiblí agus na sochaí amach anseo.

Bunaítear creat le haghaidh cur chun cinn agus cosaint chearta na ndaoine atá faoi mhíchumas le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Leagtar síos a phrionsabail bhunúsacha in Alt 3. Mar achoimre, is iad seo a leanas na prionsabail:

- Tá cead ag daoine atá faoi mhíchumas a roghanna féin a dhéanamh.
- Ní dhéanfar leithcheal in aghaidh aon duine.
- Tá na cearta céanna ag daoine atá faoi mhíchumas a bheith páirteach sa tsochaí is atá ag aon duine eile.
- Léireofar meas ar dhaoine atá faoi mhíchumas.
- Ba cheart go mbeadh rochtain chomhionann ag gach duine.

- Ba cheart go mbeadh comhdheiseanna ag gach duine, beag beann ar fhéiniúlacht inscne agus ar léiriú inscne.
- Ba cheart go léireofaí meas ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus iad ag fás aníos.

Tá na prionsabail treoracha seo mar bhonn eolais do na luachanna atá mar bhonn faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, arb iad:

- Dírithe ar chearta
- Dírithe ar an duine
- Néaraidearfach, agus
- Curtha ar fáil ar bhonn príomhshrutha, más féidir.

Is é príomh-spriocphobail na ngníomhartha faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas daoine uathacha agus, i gcásanna áirithe, a dteaghlaigh. Díríonn cuid de na gníomhartha sa Straitéis ar leanaí uathacha, díríonn cuid acu ar dhaoine fásta uathacha agus dearadh cuid acu chun tacú le daoine uathacha le linn a saoil.

Cé go bhfuil fócas na Straitéise ar uathachas, d'fhéadfaí go mbeadh tionchar dearfach agus cumhachtaithe níos leithne ag cuid de na gníomhartha ar gach duine néara-éagsúil agus daoine eile atá faoi mhíchumas.

### An méid atá beartaithe againn a dhéanamh

Tá ceithre cholún ag an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas:

1. Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de
2. Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí[11]
3. Pobail inrochtana, cuimsitheacha, agus
4. Cumas a thógáil.

Cuimsítear i ngach colún den Straitéis ráiteas físe agus roinnt gníomhartha a sholáthróidh réimse de Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla, agus é mar aidhm iad a bhaint amach le linn saolré 18 mí na Straitéise. Eagraítear na gníomhartha faoi gach ceann de na colúin de réir téama.

Cuirtear tús le téacs gach gníomh leis an toradh a mbeidh sé d'aidhm ag an ngníomh a bhaint amach le linn na tréimhse ama seo. Déantar monatóireacht agus faireachán ar sholáthar na ngníomhartha i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach in Alt 5.

11 Áirítear le seirbhísí poiblí seirbhísí arna sholáthair ag Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí a bhfuil maoiniú Stáit á fháil acu.

# Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de

## Is é ar bhfís feabhas suntasach a chur ar thuiscint an phobail ar uathachas agus ar dhaoine uathacha agus chun daoine uathacha a dhearbhú mar dhaoine a bhfuil ról luachmhar acu sa tsochaí.

Tá sé mar aidhm againn é seo a dhéanamh trí na gníomhartha atá mínithe thíos.

### Glacadh agus tuiscint

1. Comhtháthófar sonraí ata ann cheana faoi mheoin i leith daoine uathacha in Éirinn le bheith mar bhonn eolais d'fhorbairt feachtas náisiúnta glactha agus tuisceana. Rachaimid i gcomhairle le daoine uathacha le cinntiú go léirítear a dtaithí saoil leis an mbeart seo.

   **Ceannasaí:**
   An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

   **Arna dtacú ag:**
   An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

2. Chun tuilleadh glactha agus tuisceana ar uathachas in Éirinn a chur chun cinn, cuirfimid tús le feachtas náisiúnta glactha agus tuisceana. Déanfar é seo a chomhdhearadh leis an bpobal uathach.

   **Ceannasaí:**
   An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige;
   An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

3 Chun a chinntiú go bhfuil léargas cuí á thabhairt ar an eispéireas uathach sna meáin, déanfaimid iarracht tacú le tionscnaimh a thacaíonn le héagsúlacht sna meáin. Áirítear leis seo ionadaíocht oiriúnach a dhéanamh ar an eispéireas uathach agus léargas cruinn agus ionchuimsitheach a thabhairt ar dhaoine uathacha, mar chuid dár Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta.

**Ceannasaí:**
Coimisiún na Meán

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

4 Bunóimid Ciste Nuálaíochta Uathachais. Beidh dhá aidhm ag an gciste seo:

- Chun maoiniú a sholáthar le haghaidh tionscadail, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí nuálaíocha a dearadh chun tacú le daoine uathacha ar fud na hÉireann agus lena gcumhachtú.
- Chun tacú le taighde a bhfuil sé mar aidhm aige ár dtuiscint ar uathachas agus ar dhaoine uathacha a mhéadú, go háirithe sa chás ina bhfuil taighde ag iarraidh bearna sonraí nó eolais a líonadh, nó nuair a bhaineann sé le cearta na ndaoine uathacha. D'fhéadfaí go n-aireofaí comhthéacsanna trasnacha leis seo, amhail eispéiris na ndaoine uathacha lena bhféiniúlachtaí eile, lena n-áirítear féiniúlachtaí inscne, imirceach, LADTA+, Lucht Siúil agus Romach, agus mar sin de, nó le tuiscint níos fearr a chothú ar cheisteanna amhail eispéiris na ndaoine uathacha a bhfulaingíonn Foréigean Baile nó Foréigean ar Bhonn Inscne.

**Ceannasaí:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige;
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

## Oiliúint uathachais san earnáil phoiblí

5

Chun tuiscint níos fearr ar uathachas a chur chun cinn ar fud na hearnála poiblí, tabharfaimid modúl ríomhfhoghlama tosaigh ar chomhionannas míchumais. Leis seo, cuirfear an t-eolas agus na scileanna ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe na hearnála poiblí chun tacú le daoine uathacha agus daoine eile atá faoi mhíchumas i mbealach éifeachtach, measúil agus cuimsitheach. Déanfar an modúl seo a chomhdhearadh le daoine uathacha agus daoine eile atá faoi mhíchumas agus dáilfear é go forleathan ar fud na hearnála poiblí.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

6

Chun cur chuige stuama, néaraidhearfach i dtaca le hoiliúint uathachais san earnáil phoiblí a fhorbairt, déanfaimid an fhorbairt de dhoiciméad treorach ar dhea-chleachtas a chomheagrú. Beidh an doiciméad seo mar bhonn eolais don soláthar de thionscnaimh oiliúna uathachais ar fud na hearnála poiblí amach anseo, agus forbrófar é i gcomhairle leis an bpobal uathach.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; An Roinn Oideachais

7 Chun samhlacha cleachtais néaraidhearfach de chuid bhaill foirne san earnáil chúraim sóisialta a chur chun cinn, tacóimid le forbairt agus cur chun cinn creat oiliúna uathachais le haghaidh gairmithe atá ag obair le daoine uathacha i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, in eagraíochtaí Alt 38 agus Alt 39 agus in Tusla, Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh. Déanfaimid iniúchadh ar an oiliúint seo a dhéanamh riachtanach le haghaidh baill foirne tosaíochta áirithe agus an oiliúint a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne ar fud na hearnála poiblí. Beidh an oiliúint comhdheartha, comhfhorbartha agus comhseachadta le daoine uathacha agus áireofar leis:

- Modúil uathachais a fhorbairt
- Modúil a fhorbairt le haghaidh cúinsí comhtharlaithe ábhartha, agus
- Forbairt agus seoladh Mol Eolais ar HSeLanD do ghairmithe.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

8 Chun scileanna agus cumais na mball foirne a fheabhsú i dtaca le uathachas a thuiscint, gheobhaimid oiliúint shaincheaptha ar uathachas agus déanfaimid í a éascú, lena n-áirítear modhanna cumarsáide le haghaidh baill foirne ar an líne tosaigh a bhfuil an Clár Cliniciúil Náisiúnta ar Fhéindochar agus Idéú a Bhaineann le Féinmharú á sholáthar acu. Beidh an oiliúint seo deartha agus seachadta le/ag daoine uathacha.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

9 Chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine uathacha i dtaca le rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta, soláthróimid oiliúint d'Oifigigh de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar Threoirlínte Náisiúnta leasaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i dtaca le Seirbhísí Inrochtana Cúraim Sláinte agus Shóisialta. Leis seo,

leagfar béim ar leith ar scileanna agus cumais na nOifigeach Rochtana a fheabhsú maidir le huathachas agus na tacaíochtaí a d'fhéadfaí go mbeadh gá ag daoine uathacha leo agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta a thuiscint.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

10 Ar mhaithe le dea-chleachtas a chur chun cinn chun tacú le daltaí uathacha i scoileanna, músclóimid feasacht agus soláthróimid cúrsaí oiliúna chun dlús a chur le rolladh amach na Treorach dea-chleachtais Uathachais do Scoileanna. Déanfaimid cinnte go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an Treoir seo chun roghanna agus forbairtí claochlaithe i dtaca le cur chuige agus cleachtais chun tacú le mic léin uathacha a léiriú.

**Ceannasaí:**
An Roinn Oideachais

**Arna dtacú ag:**
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

11 Chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine uathacha a bhfuil úsáid á baint acu as Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta le haghaidh Daoine atá faoi Mhíchumas, tacóimid le baill foirne i gcuideachtaí atá á maoiniú ag Bord Faisnéise do Shaoránaigh chun rochtain a fháil ar an modúl oiliúna ríomhfhoghlama nua don earnáil phoiblí atá á fhorbairt ar chomhionannas míchumas, lena n-áirítear machnamh a thabhairt do na riachtanais ar leith atá ag daoine uathacha. Cuirfear bunús ar fáil leis an uirlis foghlama bhunúsach seo chun tuilleadh gníomhartha agus tacaíochtaí a d'fhéadfaí go mbeadh gá leo a shainaithint.

**Ceannasaí:**
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

**Arna dtacú ag:**
Cuideachtaí atá á maoiniú ag Bord Faisnéise do Shaoránaigh agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta le haghaidh Daoine atá faoi Mhíchumas; An Roinn Coimirce Sóisialaí

# Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí

Is é ár bhfís seirbhísí poiblí inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine uathacha le linn a saoil lena léirítear meas d'fhéiniúlacht agus do neamhspleáchas daoine uathacha.

Tá sé mar aidhm againn é seo a dhéanamh trí na gníomhartha atá mínithe thíos.

## Inrochtaineacht: Eolas, seirbhísí agus an timpeallacht thógtha

12 Chun a léiriú gur cuid lárnach de dhearadh na timpeallachta tógtha, táirgí, seirbhísí agus teicneolaíochtaí cumarsáide faisnéise iad riachtanais daoine uathacha, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Samplaí praiticiúla a fhorbairt agus a fhoilsiú faoin gcaoi ar féidir riachtanais na ndaoine uathacha a chuimsiú laistigh den choincheap Dearadh Uilíoch, agus
- Cinnteoimid go bhfuil breithniú ar riachtanais daoine uathacha san áireamh sa Chód Cleachtais maidir le Foirgnimh Phoiblí Inrochtana agus sa Chód Cleachtais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis curtha ar fáil ag Comhlachtaí Poiblí.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

13 Chun creat téarmaíochta comhchoiteann a sholáthar maidir le huathachas ar fud na hearnála poiblí, déanfaimid athbhreithniú ar an *bPáipéar Comhairleach ar Fhriotal agus Théarmaíocht Míchumais* de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Déanfaimid é seo i gcomhairle le daoine uathacha le cinntiú go léirítear roghanna an phobail uathaigh ann.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

14 Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta, déanfaimid cinnte go gcuirtear riachtanais na ndaoine uathacha ag baint úsáide as na seirbhísí seo san áireamh san athbhreithniú ar na *Treoirlínte Náisiúnta ar Sheirbhísí Cúraim Sláinte agus Sóisialta Inrochtana* de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

15 Le cinntiú go mbeidh iarratais ar scéimeanna MyWelfare inrochtana agus so-úsáidte, rachaimid i gcomhairle le custaiméirí uathacha agus le daoine eile atá faoi mhíchumas mar chuid den phróiseas chun iarratais ar scéimeanna míchumais ar MyWelfare a dhigitiú.

**Ceannasaí:**
An Roinn Coimirce Sóisialaí

16 Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht an Údaráis um Shábháilteacht Bóithre, sainaithneoimid na sain-tacaíochtaí uathachais ar féidir a chur ar fáil i soláthar sheirbhísí an Údaráis um Shábháilteacht Bóithre, go háirithe thart timpeall ar an tástáil teoirice tiomána agus seirbhísí i dtaca le ceadúnas tiomána.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Iompair

17 Le cinntiú go mbeidh rochtain ag daoine uathacha ar fhaisnéis cothrom le dáta faoi sheirbhísí agus tacaíochtaí ábhartha, treoróimid agus cuirfimid naisc ar fáil chuig eolas ábhartha le haghaidh daoine uathacha. Soláthrófar seo ar citizensinformation.ie agus sa *Treoir maidir le teidlíochtaí le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas*. Clúdófar leis eolas ar sheirbhísí agus tacaíochtaí (lena n-áirítear teicneolaíocht chúnta) arna óstáil ar shuíomhanna eile de chuid na hearnála poiblí.

**Ceannasaí:**
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Coimirce Sóisialaí

18 Le cinntiú go mbeidh rochtain thapa agus éifeachtúil ag daoine uathacha ar eolas ábhartha ar sheirbhísí, leanfaimid linn ag tacú leis an Líne Náisiúnta Eolais ar Uathachas píolótach agus cuirfimid measúnú tráthúil ar a tionchar le gur féidir linn rudaí a fhoghlaim agus feabhas a chur ar thacaíocht do theaghlaigh.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Luathfhoghlaim agus cúram leanaí

19 Ar mhaithe le tacú le hiomchuimsiú leanaí uathacha sa luathfhoghlaim agus cúram leanaí príomhshrutha, cinnteoimid go n-áireofaí treoir nearaidhearfach maidir le riachtanais leanaí uathacha i seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha gairmiúla. Beidh na torthaí ón athbhreithniú ar an Samhail Rochtana agus Cuimsithe mar bhonn eolais de seo.

**Ceannasaí:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

20 Chun tacú le timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha agus inrochtana, soláthróimid forbairt ghairmiúil leanúnach, tacaíocht agus ábhar treorach scríofa d'oidí luathbhlianta agus do chleachtóirí cúraim leanaí ar aois scoile. Áireofar leis seo treoir faoi thimpeallachtaí foghlama luathbhlianta agus cúraim leanaí optamacha lena dtabharfar aitheantas do na riachtanais chéadfacha éagsúla atá ag leanaí uathacha. Beidh na torthaí ón athbhreithniú ar an Samhail Rochtana agus Cuimsithe mar bhonn eolais de seo.

**Ceannasaí:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

21 Le cinntiú go dtacófar le leanaí uathacha agus iad ag bogadh idir suíomhanna éagsúla, déanfaimid cinnte go gcuirfear riachtanais na leanaí uathacha san áireamh mar chuid d'iarrachtaí chun polasaí náisiúnta ar aistrithe a fhorbairt le haghaidh gach leanbh ón bhaile tríd luathfhoghlaim agus cúram leanaí agus ar aghaidh chun na bunscoile. Tacófar samhail náisiúnta d'aistrithe i gcleachtas leis an bpolasaí aistrithe a mbeidh na torthaí ón athbhreithniú ar Shamhail Inrochtana agus Cuimsithe mar bhonn eolas de.

**Ceannasaí:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; An Roinn Oideachais

**Arna dtacú ag:**
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

22 Chun a chinntiú go bhfuil cláir agus cleachtais i gcláir luath-idirghabhála ag tacú le torthaí feabhsaithe do leanaí uathacha, cuirfimid tús le próiseas a bhaineann le dearbhú cáilíochta i ranganna luath-idirghabhála do leanaí uathacha. Cuirfear san áireamh leis an bpróiseas iniúchta an chaoi ina bhfuil riachtanais na leanaí á sainaithint agus á gcomhlíonadh. Cuirfear san áireamh leis freisin an chaoi ina ndéantar monatóireacht ar thorthaí agus an chaoi ina gcuirtear cleachtais chuimsitheacha i bhfeidhm.

**Ceannasaí:**
Cigireacht na Roinne Oideachais

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Oideachais

## Oideachas: An timpeallacht bunscoile agus iar-bhunoideachais

23 Chun tacaíochtaí forbartha gairmiúil breise a chur ar fáil do scoileanna agus iad ag tacú le mic léinn uathacha, cuirfimid síneadh leis an bhFoireann Uathachais sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Soláthróidh an fhoireann seo réimse seirbhísí, lena n-áirítear tacaíochtaí uathachais oideachasúil agus samhlacha dea-chleachtais atá bunaithe ar fhianaise le haghaidh foghlaimeoirí ar fud na n-earnálacha.

**Ceannasaí:**
An Roinn Oideachais

**Ag tacú leis:**
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

24 Chun deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn uathacha agus do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith i gcomhluadar piaraí i scoileanna príomhshrutha agus speisialta, tacóimid le scoileanna chun an clár Towards Inclusion a chur chun feidhme. Cuirfimid maoiniú ar fáil don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun an clár a chomhordú agus meastóireacht a dhéanamh air. Soláthróimid deontais ar bheagscála do scoileanna rannpháirteacha chun cabhrú le costais a chúiteamh, lena n-áirítear an costas iompair idir scoileanna.

**Ceannasaí:**
An Roinn Oideachais

**Arna dtacú ag:**
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

25 Le cinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag gairmithe oideachais ar dhea-chleachtas agus ar oiliúint, leanfaimid linn ag obair le hIonad Uathachais an Bhaile Láir chun forbairt a sheirbhíse a treorú i gcomhréir le córas oideachais néaraidhearfach agus cuimsitheach. Lorgóimid deiseanna lena sheirbhísí a shíneadh sa chás inarb iomchuí. Chomh maith leis sin, oibreoimid go dlúth lenár gcomhpháirtithe sa Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann chun iniúchadh a dhéanamh ar mhaoiniú breise a sholáthar.

**Ceannasaí:**
An Roinn Oideachais

26 Chun tacú le daltaí uathacha agus le daltaí eile atá faoi mhíchumas i dtaca le rochtain a fháil ar an gClár Samhraidh, déanfaimid cinnte go leanfaidh le tacaíocht a thabhairt do scoileanna príomhshrutha agus do scoileanna speisialta maidir le Clár Samhraidh a sholáthar in 2024 agus 2025.

**Ceannasaí:**
An Roinn Oideachais

## Oideachas: An timpeallacht bhreisoideachais agus ardoideachais

27 Chun tacú le heispéireas cuimsitheach do mhic léinn uathacha in oideachas breise agus in ardoideachas, leanfaimid linn le cur i bhfeidhm an Suaitheantas i dtaca le Dearadh Uilíoch le haghaidh Foghlama ar fud institiúidí oideachais bhreise agus oiliúna. Déanfaimid machnamh freisin ar mhaoiniú breise a sholáthar d'institiúidí ardoideachais le haghaidh tionscnaimh Dearaidh Uilíocha chun tacú leo agus iad ag iarraidh fáilte níos mó a chur roimh uathachas ar a gcampais.

**Ceannasaí:**
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

**Arna dtacú ag:**
An tÚdarás um Ard-Oideachas; SOLAS; institiúidí breisoideachais agus ardoideachais

28 Ar mhaithe le tacú le hionchuimsiú níos fearr grúpaí tosaíochta sa timpeallacht bhreisoideachais agus ardoideachais, lena n-áirítear mic léinn uathacha, cuirfimid maoiniú ar fáil (a mbainfear úsáid as in 2024) faoi COSÁN-4 chun tús áite a thabhairt do bhearta atá sainaitheanta i dTuarascáil Deiridh an Chomhchoiste Uathachais lena n-áirítear. Bainfear úsáid as an maoiniú seo chun tús áite a thagairt do bhearta a sainaithníodh i *dTuarascáil Deiridh an Chomhchoiste ar Uathachas*, lena n-áirítear:

- Léarscáileanna céadfacha de champais a chur le chéile, agus
- Tuilleadh cuairteanna campas a sholáthar le linn na bliana ina gcuirtear fáilte roimh uathachas.

**Ceannasaí:**
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

29 Ar mhaithe le tacú le daoine uathacha chun páirt a ghlacadh i bprintíseachtaí, oibreoimid le fochoiste Rochtana agus Ionchuimsitheachta na Comhghuaillíochta Náisiúnta Printíseachta chun an cineál agus an leibhéal tacaíochtaí atá riachtanach a shainaithint go soiléir ionas gur féidir le daoine uathacha páirt a ghlacadh i bprintíseachtaí de réir *Phlean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021–2025*. Breithneoidh an fochoiste Rochtana agus Ionchuimsitheachta riachtanais tacaíochta daoine faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear daoine uathacha, mar chuid dá gcuid oibre in 2024.

**Ceannasaí:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

30 Chun tacú le mic léinn uathacha agus le mic léinn eile faoi mhíchumas lena n-aistear coláiste, leathnóimid scóip an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas de réir a chéile laistigh den earnáil bhreisoideachais.

**Ceannasaí:**
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

31 Ar mhaithe leis an eispéireas foghlama a fheabhsú agus conair fostaíochta níos fearr a chur ar fáil, cuirfimid tús le cúrsaí atá deartha go speisialta do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu, lena n-áirítear mic léinn uathacha a bhfuil míchumas intleachta orthu, in 10 n-institiúid ardoideachais ar fud na tíre i mí Mheán Fómhair 2024. Cuirfear deiseanna taithí oibre ar fáil mar chuid de na cúrsaí feabhsaithe seo.

**Ceannasaí:**
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

## Fostaíocht

32 Chun cur ar chumas fostóirí tacú ar bhealach níos fearr le fostaithe uathacha san ionad oibre, déanfaimid athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair a bhaineann le hionaid oibre atá oiriúnach do dhaoine uathacha. Mar chuid den athbhreithniú seo, sainaithneoimid bearnaí eolais agus/nó an gá le heolas a nuashonrú. Áireofar leis seo treoir maidir le freastal ar dhaoine a bhfuil éagsúlachtaí próiseála céadfach acu in oifigí plean oscailte.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

33 Chun feabhas a chur ar ár n-eolas agus ár dtuiscint ar uathachas agus ar éagsúlacht sa mhargadh earcaíochta agus san earnáil shibhialta agus phoiblí in Éirinn, leanfaimid linn ag bailiú sonraí monatóireachta comhionannais le feabhas a chur ar ár dtairiscint seirbhíse, lena n-áirítear oiriúnuithe iomchuí agus réasúnta a sholáthar. Leis seo, tacófar leis an ngealltanas i dtaca le líon na n-iarrthóirí atá faoi mhíchumas dearbhaithe, lena n-áirítear daoine uathacha, agus iad ag cur isteach ar róil.

**Ceannasaí:**
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

34 Chun cianobair agus deiseanna fiontraíochta le haghaidh daoine uathacha a chur chun cinn, tarraingeoimid aird ar spásanna oibre ina gcuirtear fáilte roimh uathachas laistigh de Mhoil Nasctha (ardán áirithinte agus íocaíochtaí ar líne le haghaidh áiseanna cianoibre lonnaithe ar fud na tíre) faoi 2025.

**Ceannasaí:**
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**Arna dtacú ag:**
Coimisiún Forbartha an Iarthair

35 Chun teacht ar thuiscint níos fearr ar riachtanais iarrthóirí uathacha agus iarrthóirí eile, baileoimid sonraí maidir le hiarratais agus ceanglais chóiríochta réasúnacha ó iarrthóirí chun cabhrú linn bonn eolais a chur ar fáil do bheartais agus do phróisis earcaíochta a bheidh in úsáid amach anseo.

**Ceannasaí:**
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe

36 Le cinntiú go dtugann Intreo (An tSeirbhís Fostaíochta Poiblí) tacaíocht éifeachtach do bhaill foirne na seirbhíse fostaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine uathacha, déanfaimid athbhreithniú ar á n-oiliúint feasachta míchumais.

**Ceannasaí:**
An Roinn Coimirce Sóisialaí

**Arna dtacú ag:**
Intreo

37 Chun timpeallacht tacúil a chinntiú do dhaoine uathacha agus do dhaoine a bhfuil éagsúlachtaí próiseála céadfacha acu maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí fostaíochta Intreo agus úsáid a bhaint astu, déanfaimid cinnte go bhfuil fáil ar sheomra ciúin, suaimhneach i ngach oifig Intreo faoi dheireadh na chéad ráithe de 2025.

**Ceannasaí:**
An Roinn Coimirce Sóisialaí

**Arna dtacú ag:**
Intreo

38 Le cinntiú gur féidir le gach fostaí sa státseirbhís, daoine uathacha san áireamh, a gcuid oibre a chur i gcrích ar bhonn comhionainn le daoine eile, déanfaimid cinnte go gcuirfear riachtanais na mball foirne uathacha, chomh maith le grúpaí eile, san áireamh maidir lenár n-athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta maidir le cuimsiú míchumais.

**Ceannasaí:**
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe

39 Chun tacú le deiseanna fiontraíochta do dhaoine uathacha, cuirfidh Oifigí Fiontair Áitiúil a gcláir oiliúna agus meantóireachta fiontraíochta in oiriúint chun tacú níos fearr lena riachtanais, i gcomhairle leis an eagraíocht ionadaíocha ábhartha, in aice le grúpaí eile atá tearc ionadaithe, i gcomhréir le dea-chleachtas.

**Ceannasaí:**
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**Arna dtacú ag:**
Údaráis áitiúla

40 Chun deiseanna cothroime a chinntiú do gach iarrthóir, lena n-airítear daoine uathacha, leanfaimid linn ag cur feabhas ar ár bpróisis earcaíochta agus roghnaithe don réimse iomlán cineálacha post laistigh dár mandáid trí chur chuige treoraithe ag Dearadh Uilíoch a ghlacadh i gcomhar lenár gcliaint agus ár n-iarrthóirí.

**Ceannasaí:**
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

**Arna dtacú ag:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais; An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

41 Chun tacú le héagsúlacht agus cuimsiú san earnáil chraoltóireachta agus na meán cruthaitheacha, lena n-áirítear le haghaidh daoine uathacha, tacóimid le tionscnaimh for-rochtana fostaíochta agus earcaíochta lena dtacaítear le huathachas agus cuirfimid chun cinn iad, agus tacóimid le rochtain gairme agus forbairt gairme na ndaoine uathacha laistigh den earnáil.

**Ceannasaí:**
Coimisiún na Meán

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

## Cúram sláinte agus sóisialta

42 Chun tacú le rannpháirtíocht le daoine uathacha maidir lena riachtanais agus a roghanna le haghaidh seirbhísí tacaíochta, déanfaimid doiciméad treorach a chomhdhearadh le daoine uathacha agus le daoine atá faoi mhíchumas, a dtacóidh le daoine atá faoi mhíchumas le dul i mbun rannpháirtíochta le cinnteoireacht éifeachtach faoi dheireadh agus cur i bhfeidhm seirbhísí tacaíochta arna maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

43 Chun feabhas a chur ar eolas agus tacaíocht le haghaidh daoine uathacha agus a dteaghlaigh, forbróimid ionaid eolais atá bunaithe ar fhianaise in dhá Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail ag baint úsáide as cur chuige ilfhreastail. Déanfaimid seo i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha. Beidh sé mar chuspóir ag na hionaid seo seirbhísí ata ann cheana a mhéadú agus ionad comheagraithe, éifeachtach, néaraidhearfach, atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar inar féidir le daoine fásta uathacha, le leanaí uathacha agus lena dteaghlaigh eolas agus tacaíocht dhíreach a fháil.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige;
An Roinn Sláinte

44 Chun eolas soiléir agus inrochtana a sholáthar chun tacú le daoine uathacha agus a dteaghlaigh, forbróimid eolas ar shuíomh gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chomh maith le físeáin agus bróisiúir. Clúdóidh an t-eolas seo riochtaí comhtharlaithe coitianta a bhaineann le huathachas agus néara-éagsúlacht. Áireofar leis freisin eolas treorach. Cuimseofar leis seo an chaoi agus cá háit ar féidir le daoine uathacha agus le daoine eile rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta ón réimse iomlán de sholáthróirí cúraim sláinte agus sóisialta.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

45 Chun tús a chur leis an obair chun cosán a bhunú chuig measúnú agus idirghabhálacha nearaidhearfacha le haghaidh daoine fásta uathacha, cuirfimid tionscadal taispeánta in aon Cheantar Sláinte Réigiúnach amháin. Beidh seo mar bhonn eolais do chur i bhfeidhm náisiúnta an chosáin. Rachfar i gcomhairle le daoine uathacha ar an gcur i bhfeidhm náisiúnta seo, agus déanfar é a chomhdhearadh leo.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; An Roinn Sláinte

46 Chun ligean do leanaí agus d'ógánaigh uathacha rochtain a fháil ar idirghabháil luath, measúnú agus tacaíochtaí teiripe ildisciplíneacha, dáilfimid acmhainní chun iarrachtaí faoin *bPlean le haghaidh Feabhsú Seirbhíse 2023 – 2026 a leasú: Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga*. I gcomhthéacs an Phlean, comhoibreoidh Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí reachtúla le cinntiú go n-éascófar tuilleadh rannpháirtíochta agus cumarsáide le teaghlaigh le cur i bhfeidhm na ngníomhartha seo agus an Phlean.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

47 Chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais na ndaoine a bhfuil úsáid á baint acu as saintacaíochtaí míchumais, lena n-áirítear daoine uathacha, cuirfimid acmhainní breise ar fáil le haghaidh tógáil cumais agus ar mhaithe le sain-seirbhísí míchumais a dhíriú níos mó ar dhaoine faoin *bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Seirbhísí Míchumais 2024 – 2026*.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

48 Chun leanaí, ógánaigh agus daoine fásta uathacha a éascú i dtaca le rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte, príomhchúraim agus sainseirbhísí míchumais, leanfaimid linn le seirbhísí idirghabhála luath agus measúnaithe a fhorbairt, treoraithe ag cur chuige cúraim chomhroinnte:

- Acmhainní a dháileadh chun céim phíolótach agus measúnaithe an phrótacail i dtaca le Cosáin Measúnaithe agus Idirghabhála Uathachais reatha a thabhairt i gcrích
- Tacaíocht a thabhairt do thuarascáil measúnaithe neamhspleách a dhéanamh ar thaithí an úsáideora seirbhíse agus an tsoláthróra seirbhíse ar úsáid a bhaint as an bprótacal i dtaca le Cosáin Mheasúnaithe agus Idirghabhála Uathachais, agus
- Na nithe is tábhachtaí ar fhoghlaíomar agus na moltaí ag eascairt as Céim 1 agus Céim 2 ar an gcéim phíolótach de phrótacal leasaithe a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta ar fud seirbhísí meabhairshláinte, príomhchúraim agus míchumais a chuimsiú.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige;
An Roinn Sláinte

49 Chun seirbhísí meabhairshláinte ábhartha a sholáthar d'ógánaigh agus do dhaoine fásta uathacha a bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí acu, cuirfimid an fhorbairt de chosáin chúraim soiléire agus comhtháite le haghaidh daoine a bhfuil dé-dhiagnóis acu chun cinn. Áireofar leis seo an tSamhail Cúraim le haghaidh

Dé-Diagnóis a chur chun cinn (2023), le:

- Plean feidhmithe mionsonraithe agus clár oiliúna saincheaptha a fhorbairt, agus
- Láithreáin thosaigh a bhunú, lena n-áirítear foirne a earcú agus bunsuíomhanna a roghnú, faoi réir an leithdháilte maoinithe.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Sláinte

50

Le leanúnachas cúraim agus tacaíochta a chinntiú le haghaidh daoine uathacha a bhfuil leochaileachtaí áirithe acu agus atá i mbaol méadaithe i leith fhéinmharú, cinnteoimid go gcuimsítear próisis comhairliúcháin agus boinn fhianaise gaolmhara cuimsiú agus tagairt iomchuí do ghrúpaí tosaíochta, lena n-áirítear daoine uathacha, mar chuid d'fhorbairt na straitéise comharba do Nascadh ar feadh an tSaoil.

**Ceannasaí:**
An Roinn Sláinte

**Arna dtacú ag:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc

51

Chun tacaíocht iomchuí a chur ar fáil do dhaoine uathacha leochaileacha, forbróimid eolas agus oiliúint maidir le féinmharú a chosc atá spriocdhírithe agus iomchuí.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Sláinte

52

Chun tacú le daoine óga a bheidh ag aistriú go seirbhísí míchumais lae i dtaca le húsáid a bhaint as iompar poiblí, tabharfaimid scéim phíolótach isteach in aon Cheantar Sláinte Réigiúnach amháin le gur féidir le daltaí na bliana deireanacha taithí a fháil ar iompar poiblí.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

53 Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine uathacha atá ag baint úsáide as seirbhísí lae arna maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, oibreoimid chun na hacmhainní a fhorbairt chun tacú le soláthróirí seirbhísí lae chun riachtanais na ndaoine uathacha a chomhlíonadh. Áireofar leis seo:

- Eolas a sholáthar ar shuíomh gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena n-áirítear eolas treorach maidir le cén chaoi agus cá háit ar féidir le daoine uathacha agus le daoine eile rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta, agus
- Modúl ríomhfhoghlama i dtaca le pleanáil atá dírithe ar dhaoine a chur i bhfeidhm.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

54 Chun tacú le rochtain ar sheirbhísí faoisimh, mar a bhaineann sé le hobair atá ar bun chun seirbhísí faoisimh a fheabhsú agus a shíneadh, déanfaimid cinnte go mbeidh riachtanais na ndaoine uathacha agus a dteaghlaigh mar bhonn eolais don phróiseas seo.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

## Ceartas

55 Chun tacú le daoine uathacha ag dul tríd an gcóras cúirte, déanfaimid cinnte, i gcomhréir le Prionsabal Dearaidh Rialtais 2 go gcuirfear riachtanais na ndaoine uathacha agus daoine atá faoi mhíchumas eile san áireamh mar chuid de dhearadh ár n-aistear seirbhíse custaiméara. Mar chuid den phróiseas seo, rachaimid i gcomhairle le daoine uathacha agus le daoine eile atá faoi mhíchumas. Déanfaimid machnamh ar thacaíochtaí ar féidir iad a sholáthar le ligean do dhaoine tuiscint níos fearr a fháil ar an eispéireas a bhaineann le bheith ag freastal ar an gcúirt agus ullmhúchán a dhéanamh ina leith, sa mhéid agus is féidir.

**Ceannasaí:**
An tSeirbhís Cúirteanna

56 Chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine uathacha a mbíonn teagmháil acu le Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mbealach comheagraithe leanfaimid linn le hiarrachtaí maidir le tacaíocht a thabhairt do Chaighdeáin Creidiúnaithe Uathachais a fhorbairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a chur chun cinn. Leis na caighdeáin seo, bunófar caighdeáin choimeádta náisiúnta le haghaidh daoine uathacha ata faoi choimeád agus baill teaghlaigh do dhaoine atá faoi choimeád.

**Ceannasaí:**
Seirbhís Phríosúin na hÉireann

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Dlí agus Cirt

57 Chun feabhas a chur ar an tuiscint atá ar dhaoine uathacha sa chóras dlí, déanfaimid athbhreithniú ar an treoir atá ann faoi láthair maidir leis an gcaoi le dul i mbun cumarsáide le daoine uathacha agus tacú leo. Déanfaimid seo i gcomhar le daoine uathacha.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

# Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha

## Is í an fhís atá againn pobail inrochtana, ionchuimsitheacha a chruthú inar féidir le daoine uathacha tairbhe a bhaint as comhdheiseanna chun a bheith páirteach sa phobal.

Tá sé mar aidhm againn é seo a dhéanamh trí na gníomhartha atá mínithe thíos.

### Ealaíona agus cultúr

58 Chun eispéireas dearfach le haghaidh daoine uathacha a chur chun cinn agus iad ag tabhairt cuairt ar fhorais cultúir náisiúnta, tacóimid leis na háiseanna seo le go mbeidh siad inrochtana ag daoine uathacha i gcomhréir leis na prionsabail de Dhearadh Uilíoch. San áireamh anseo beidh cur leis an dea-chleachtas a bhaineann le daoine uathacha, cosúil le spásanna ciúine a shainaithint agus a chur san áireamh ar fud an fhoirgnimh; athbhreithniú a dhéanamh ar léarscáileanna inrochtaineachta gailearaithe; dalláin chluaise/cosantóirí cluaise a chur ar fáil; agus imeachtaí atá báúil ar bhonn céadfaí a sholáthar le haghaidh daoine uathacha a d'fhéadfaí go mbeadh deacrachtaí acu leis an timpeallacht céadfaí.

**Ceannasaí:**
Forais chultúrtha náisiúnta (Ard-Mhúsaem na hÉireann, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), Leabharlann Chester Beatty, an Ceoláras Náisiúnta, Gailearaí Ealaíne Crawford, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus an Chartlann Náisiúnta)

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

59 Chun feabhas a chur ar eispéireas na ndaoine uathacha lenár bhforais cultúrtha náisiúnta, tacóimid le baill foirne atá ag obair sna háiseanna seo chun leas a bhaint as oiliúint uathachais. Is gné thábhachtach d'fheasacht agus de thuiscint ar uathachas é seo, dár linn. Cuirfidh a leithéid d'oiliúint feabhas ar scileanna agus cumais na mball foirne i dtaca le leanaí, daoine óga agus daoine fásta uathacha a éascú maidir lena bheith rannpháirteach lenár bhforais cultúrtha náisiúnta i mbealach fiúntach. Cuirfimid úsáideoirí ar an eolas faoi na tacaíochtaí a bhfuil fáil orthu trí fhor-rochtain spriocdhírithe.

**Ceannasaí:**
Forais chultúrtha náisiúnta (Ard-Mhúsaem na hÉireann, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), Leabharlann Chester Beatty, an Ceoláras Náisiúnta, Gailearaí Ealaíne Crawford, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus an Chartlann Náisiúnta)

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

## Leabharlann

60 Chun tacú le daoine uathacha maidir le rochtain a fháil ar an seirbhís leabharlainne poiblí, déanfaimid cinnte go gcuirtear riachtanais na n-úsáideoirí seirbhíse uathacha agus daoine eile atá faoi mhíchumas san áireamh faoi Is í an Leabharlann an *Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid – Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027*. Leis seo a bhaint amach, déanfaimid cinnte go gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne na leabharlainne. Soláthrófar treoir lena leithéid d'oiliúint maidir le soláthar seirbhíse leabharlainne a shaincheapadh chun tacú le húsáideoirí seirbhíse uathacha.

**Ceannasaí:**
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**Arna dtacú ag:**
Seirbhís leabharlainne poiblí; Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

## Clóis súgartha poiblí

61 Chun a chinntiú go mbeidh áiteanna súgartha ionchuimsitheach, taitneamhach agus inrochtana do gach leanbh, lena n-áirítear leanaí uathacha, forbróimid suiteáil clár faisnéise in áiteanna súgartha poiblí i ngach údarás áitiúil.

**Ceannasaí:**
Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach; údaráis áitiúla

## Spórt

62 Chun tacú le rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán na ndaoine uathacha sa spórt, déanfaimid cinnte go n-aithneofar riachtanais na ndaoine uathacha san athbhreithniú agus nuashonrú ar *Beartas Spórt Éireann ar Rannpháirteach Dhaoine le Míchumais sa Spórt*, atá le bheith curtha i gcrích in 2024.

**Ceannasaí:**
Spórt Éireann

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; eagraíochtaí eile san earnáil spóirt go ginearálta

63 Le cinntiú go gcuirtear oiliúint iomchuí ar bhaill foirne san earnáil spóirt maidir le rannpháirtíocht na ndaoine uathacha i spórt áitiúil a éascú, oibreoimid le comhpháirtithe chun tacú le hoiliúint a chur i bhfeidhm i ngach contae. Dearfar an oiliúint seo chun feasacht agus tuiscint a ardú maidir le cleachtais chuimsithe le haghaidh rannpháirtíocht na ndaoine uathacha sa spórt.

**Ceannasaí:**
Spórt Éireann

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; eagraíochtaí eile san earnáil spóirt go ginearálta

64 Chun deiseanna a chur ar fáil le gur féidir le daoine uathacha páirt a ghlacadh sa spórt agus in aclaíocht fhisiciúil agus go sonrach faoin aer, tacóimid le cláir agus tionscnaimh a sholáthar ar fud earnáil an spóirt agus na ngníomhartha faoin aer chun rannpháirtíocht na ndaoine uathacha sa spórt a spreagadh, trí mhaoiniú na gcuntas díomhaoin a dháileadh. Soláthróimid ardán ag ár n-imeachtaí líonraithe agus faisnéise rialta chun samplaí dea-chleachtais a roinnt ar fud na hearnála spóirt.

**Ceannasaí:**
Spórt Éireann

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; eagraíochtaí eile san earnáil spóirt go ginearálta

## Iompar

65 Chun eispéireas taistil a chinntiú do dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh agus iad i mbun aerthaistil, tabharfaimid tacaíochtaí réamh-eitilte breise isteach inár dtrí aerfort Stáit (Corcaigh, Baile Átha Cliath agus Sionainn), amhail:

- Scéalchláir shonracha do gach aerfort a fhorbairt
- Treoracha amhairc a fhorbairt le haghaidh gach aerfoirt, agus
- Machnamh a dhéanamh ar sheomra céadfach sa bhreis a shuiteáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith leis sin, cinnteoimid go ndéanfar poiblíocht ar na tacaíochtaí uathachais seo chun feasacht ar na tacaíochtaí atá ar fáil a mhúscailt.

**Ceannasaí:**
daa plc (oibritheoir agus bainisteoir aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí); Grúpa Aerfort na Sionainne

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Iompair

66 Chun tacú le paisinéirí i dtaca le leas a bhaint as seirbhísí iarnróid trasteorann, déanfaimid teagmháil le Translink chun carráistí traenach níos ciúine a sholáthar ar an traein ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste.

**Ceannasaí:**
Iarnród Éireann

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Iompair; Translink

67 Chun tacú le paisinéirí chun taisteal go neamhspleách agus le muinín agus iad ag baint úsáide as iompar poiblí, déanfaimid an Scéim Chabhrach Iompair, atá á soláthar faoi láthair i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh, a leathnú go Luimneach, Gaillimh in 2024 agus Port Láirge in 2025. Leis an scéim seo, tacaítear le daoine ata faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine uathacha, dul i mbun taistil go muiníneach.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Iompair

## Sa phobal

68 Le tógáil ar iarrachtaí atá ann cheana ag leibhéal an rialtais áitiúil chun tacú le daoine uathacha sa phobal, tabharfaimid faoi eolas agus dea-chleachtas a roinnt maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine uathacha ar fud na hearnála rialtais áitiúil trí chláir agus fóram ata ann cheana.

**Ceannasaí:**
Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach; údaráis áitiúla

69 Chun tacú le daoine uathacha páirt a ghlacadh in imeachtaí sa phobal, forbróidh an earnáil rialtais áitiúil tuilleadh an obair ar tugadh faoi laistigh den earnáil chun cabhrú i dtaca le imeachtaí maoinithe agus féilte a dhéanamh inrochtana ag cách, lena n-áirítear daoine uathacha.

**Ceannasaí:**
Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach; údaráis áitiúla

70 Chun tuilleadh cuimsithe a chur le pobail agus chun daoine aonair a chumhachtú i dtaca lena c(h)aighdeán saoil a fheabhsú, soláthróimid tacaíochtaí do dhaoine uathacha agus do dhaoine eile atá faoi mhíchumas tríd an gClár Cuimsithe Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail.

**Ceannasaí:**
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

71 Chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais céadfacha de chuid leanaí agus daoine fásta uathacha, leanfaimid linn maidir le maoiniú a sholáthar le haghaidh réimse tionscnamh céadfach, grúpaí pobail agus eagraíochtaí chun timpeallacht níos cuimsithe a chruthú le haghaidh daoine uathacha agus daoine eile a bhfuil deacrachtaí próiseála céadfacha acu.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Colún 4: Cumas a thógáil

## Is í an fhís atá againn daoine uathacha a chumhachtú ionas gur féidir leo an cineál saoil is mian leo a chaitheamh.

Tá sé mar aidhm againn é seo a dhéanamh trí na gníomhartha atá mínithe thíos.

### Féinabhcóideacht

72 Chun cumas na nEagraíochtaí do Dhaoine ata faoi Mhíchumas a thógáil a ndéanann ionadaíocht ar dhaoine uathacha chun páirt a ghlacadh sa tsochaí, déanfaimid cinnte go gcuimsítear daoine uathacha i dtionscnaimh tógála cumais faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais.

**Ceannasaí:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

### Tacaíocht do thuismitheoirí

73 Chun tacú le daoine uathacha agus a dteaghlaigh tar éis sainaithint foirmeálta uathachais, forbróimid suíomh gréasáin eolais faoi uathachas de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Leis seo, soláthrófar bealach chun tacaíocht agus eolas a thabhairt do dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

74 Chun cabhrú le tuismitheoirí de chuid leanaí uathacha balbha nó íoslabhartha, cuirfimid oiliúint ar fáil le haghaidh altraí sláinte phoiblí trí chur i bhfeidhm an chreat oiliúna uathachais le bheith mar bhonn eolais do thuismitheoirí agus iad ag tacú lena leanaí.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

75 Chun eolas ar theicneolaíocht digiteach agus chúnta a sholáthar do thuismitheoirí leanaí uathacha, forbróimid réamh-treoir i dtaca leis an teicneolaíocht chúnta cheart a aimsiú. Cuimseofar sa treoir eolas faoi uirlis cumarsáide, chomh maith le cad is brí le Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach agus cén chaoi le húsáid a bhaint as. Déanfar é a chomhdhearadh le húsáideoirí teicneolaíochta cabhracha, lena n-áirítear daoine uathacha.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

## Teicneolaíocht chúnta

76 Chun eolas agus cumais ghairmithe oideachais, sláinte agus cúraim sóisialta a fheabhsú i dtaca le huathachas agus teicneolaíocht chúnta, cuirfimid oiliúint ar fáil faoin réimse táirgí cabhracha, teicneolaíochtaí agus cineálacha Cumarsáide Breisithe agus Malartacha ar féidir cabhrú le daoine uathacha iad féin a chur in iúl agus rannpháirtíocht níos fearr a ghlacadh i ngníomhartha laethúla.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Oideachais; eagraíochtaí Alt 38 agus Alt 39 ábhartha san earnáil dheonach

77 Chun cabhrú le measúnú agus idirghabháil níos éifeachtaí agus níos dírithe ar dhaoine le haghaidh daoine atá faoi réimse míchumas, lena n-áirítear uathachas, oibreoidh FSS agus EDS faoin Chomhaontú Comhoibríoch ar thionscnamh chun táirgí teicneolaíochta cabhracha nuálaíocha a scálú, a fheabhsú agus a fhorbairt (DAT). Díreoidh an tionscnamh seo ar dhearadh agus nuálaíocht na n-uirlisí tacaíochta cliniciúla chun cabhrú le cliniceoirí.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

78 Chun tacú le leanaí agus le daoine fásta maidir le rochtain a fháil ar chórais chumarsáide lena gcomhlíontar riachtanais, déanfaidh FSS measúnú ar thionchar agus ar bhuntáistí an Chláir Chumarsáide Bhreisithe agus Mhalartacha le bheith mar bhonn eolais do thionscnaimh amach anseo ar Chumarsáid Bhreisithe agus Mhalartach.

**Ceannasaí:**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

## Sonraí

79 Chun dúshraith a leagan le haghaidh sonraí cruinne ar uathachas a bhailiú, bunóimid grúpa fócais le daoine uathacha chun ceisteanna suirbhé iomchuí ar uathachas a fhorbairt.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; An Phríomh-Oifig Staidrimh; An Bord Taighde Sláinte

80 Chun tuiscint níos fearr a fháil ar shonraí atá ann cheana faoi uathachas in Éirinn agus modhanna maidir le leitheadúlachta uathachais a thomhais, cuirfimid láidreachtaí agus laige na tacair sonraí ar uathachas in Éirinn ata ann cheana le chéile agus déanfaimid anailís orthu. Déanfaimid seo i gcomhairle leis an bpobal uathach agus i gcomhréir leis na gníomhartha a leagadh amach sa Straitéis Náisiúnta Comhionannais Sonraí.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**Arna dtacú ag:**
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; An Phríomh-Oifig Staidrimh; An Bord Taighde Sláinte

## Taighde

81 Lenár dtuiscint ar phríomhdhúshláin sláinte atá roimh dhaoine uathacha a thuiscint, agus an tionchar a bhaineann leo i dtaca le hionchas saoil, déanfaimid infheistíocht i dtaighde a bheidh mar bhonn eolais do pholasaí agus do chleachtas maidir le seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta iomchuí agus seirbhísí agus tacaíochtaí cúraim sóisialta le haghaidh daoine uathacha. Cuimseofar sa taighde seo athbhreithniú ar litríocht idirnáisiúnta agus beidh sé i gcomhréir le tosaíochtaí na ndaoine uathacha.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**Arna dtacú ag:**
An Bord Taighde Sláinte; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

82 Chun bonn fianaise láidir a chur ar fáil le haghaidh cleachtas néaraidhearfach i dtaca le tacaíocht a thabhairt do dhaoine uathacha balbha agus íoslabhartha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí, déanfaimid taighde a choimisiúnú chun iniúchadh a dhéanamh ar dhea-chleachtas maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar do dhaoine uathacha balbha nó íoslabhartha. Déanfar an taighde seo a chomhdhearadh le daoine uathacha.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

83 Chun dea-chleachtas a shainaithint maidir le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus do dhaoine óg uathacha agus do dhaoine óg eile atá faoi mhíchumas a bhfuil ard-riachtanais tacaíochta acu, lena n-áirítear riachtanais tacaíochta meabhairshláinte, tabharfaimid faoi taighde comhoibríoch le daoine uathacha agus le daoine eile atá faoi mhíchumas chun na nithe seo a leanas a iniúchadh:

- Cineál agus réim na géarchéime atá os comhair dhaoine óga uathacha agus daoine óga atá faoi mhíchumas eile
- Leordhóthanacht na seirbhísí agus na dtacaíochtaí atá á gcur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Tusla– an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh faoi láthair le haghaidh leanaí agus daoine óga uathacha agus le haghaidh leanaí agus daoine óga faoi mhíchumais eile i gcúinsí géarchéime teaghlaigh, lena n-áirítear rochtain ar Sheirbhísí Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánaigh, agus
- Éileamh, infhaighteacht agus oiriúnacht seirbhísí faoisimh agus seirbhísí pobail eile atá á gcur ar fáil faoi láthair chun freastal ar a riachtanais.

**Ceannasaí:**
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

# 5. Monatóireacht agus cur i bhfeidhm

Tarraingíodh aird leis na comhairliúcháin phoiblí ar an tábhacht a bhaineann le faireachán éifeachtach, neamhspleách ar sholáthar na ngníomhartha faoin Straitéise Nuálaíochta Um Uathachas a chur ar fáil, agus cuntasacht ina leith. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo ós rud é go mbíonn na gníomhartha faoin Straitéis á gcur i gcrích ar bhonn idir-rialtais, chomh maith leis an réimse leathan Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí a bhíonn freagrach as a soláthar.

Tá sé tábhachtach go mbeidh an creat monatóireachta agus faireacháin faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas ailínithe leis an struchtúr monatóireachta agus faireacháin níos leithne de chuid na Straitéise Náisiúnta Míchumais ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, cinnteofar leis seo go mbeidh comhleanúnachas ann idir an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas (lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar leith roimh dhaoine uathacha) agus an Straitéis Náisiúnta Míchumais nua (a dearadh le dul i ngleic le dúshláin chomhroinnte le haghaidh gach duine atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine uathacha). Ar an dara dul síos, cinnteofar leis go léirítear na tuairimí agus an taithí saoil de chuid daoine uathacha in ailtireacht na bpáirtithe leasmhara agus i ngníomhartha na Straitéise Náisiúnta Míchumais. Ar deireadh, cinnteofar leis go dtacófar go héifeachtach le daoine uathacha ar ghníomh níos leithne ar mhíchumas, lena n-áirítear faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais, amach anseo.

Mar aitheantas ar na dúshláin thrasnacha atá roimh roinnt daoine uathacha, tá sé ríthábhachtach freisin go mbeidh feasacht agus tuiscint ar na dúshláin thrasnach a d'fhéadfaí go gcuirfí roimh roinnt daoine uathacha mar bhonn eolais do chur i bhfeidhm na ngníomhartha faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

### Grúpa Faireacháin agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas

Ag croílár chóras maoirseachta agus monatóireachta na Straitéise tá Grúpa Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas. Beidh ról lárnach ag an ngrúpa páirtithe leasmhara seo, atá néara-éagsúil den chuid is mó,

maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise, chomh maith le comhairle fhiúntach a sholáthar leis an obair uile-rialtais ar uathachas a threorú bunaithe ar thaithí saoil agus ar shaineolas bhaill an ghrúpa.

Comhdhéantar ballraíocht an ghrúpa de dhaoine uathacha chomh maith le gairmithe, tuismitheoirí agus eagraíochtaí ionadaíocha. Ceapadh an grúpa i mí na Nollag 2022 tar éis phróiseas iarratais.

Tar éis seoladh na Straitéise, ceapfar cathaoirleach ghrúpa agus tiocfaidh an grúpa le chéile ar bhonn ráithiúla le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise. Mar an gcéanna, d'fhéadfaí go lorgódh Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí reachtúla comhairle an Ghrúpa Faireacháin agus Comhairleach le bheith mar bhonn eolais dá seachadadh do ghníomhartha ar leith faoin Straitéis.

Chun tacú leis an ngrúpa maidir le monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na ngníomhartha, cuirfidh na Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí atá freagrach as na gníomhartha, tuarascálacha a sholáthar ar dhul chun cinn gach 6 mhí. Cuirfidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige na tuarascálacha seo le chéile. Leagfar amach leo an dul chun cinn a ndearnadh maidir le soláthar na ngníomhartha faoin Straitéis le linn a saolré 18 mí agus sainaithneofar leo aon dúshláin seachadta. Agus an tréimhse cur chun feidhme cúig déag mí ar an bhfód, déanfaidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige gníomhartha atá fós le tabhairt i gcrích le gur féidir béim ar leith a leagan ar a gcur i bhfeidhm sa tréimhse den Straitéis atá fágtha.

Cuirfear na tuarascálacha ar fáil do Ghrúpa Faireacháin agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas lena meas roimh chruinnithe an ghrúpa.

Bunaithe ar na tuarascálacha a cuirfear isteach, déanfaidh an grúpa na gníomhartha sonracha ar mheas baill an ghrúpa gur cheart tús áite a thabhairt dóibh nó tuilleadh plé a dhéanamh fúthu. Cuirfear na gníomhartha tosaíochta so ar aghaidh le bheith pléite ag cruinnithe.de chuid Choiste Stiúrtha na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas.

## Coiste Stiúrtha na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas

Comhdhéanfar Coiste Stiúrtha na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas ionadaithe ó Ranna Rialtais ábhartha, gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí atá freagrach as gníomhartha a sholáthar faoin Straitéis. Beidh ionadaíocht éagsúil ag brath ar ghníomhartha tosaíochta a roghnaigh an Grúpa faireacháin agus Comhairleach le haghaidh plé. Comhdhéanfar an Coiste Stiúrtha de thrí ionadaí ón Ghrúpa Faireacháin agus Comhairleach freisin: cathaoirleach an ghrúpa agus beirt bhall, a thabharfaidh aghaidh ar ghníomhartha tosaíochta faoi na ceithre cholún. Chun cuntasacht éifeachtach a chinntiú, déanfaidh an tAire Stáit a bhfuil freagracht speisialta aige/aice le haghaidh Míchumas cathaoirleacht ar an gCoiste Stiúrtha.

Tiocfaidh an Coiste Stiúrtha le chéile gach 6 mhí le linn saolré 18 mí na Straitéise. Díreoidh an Coiste Stiúrtha ar chainteanna ar na gníomhartha tosaíochta ar shainaithin an Grúpa Faireacháin agus Comhairleach.

I gcás fadhb soláthair leanúnach agus suntasach, tá sé beartaithe go mbunófar grúpa míchumais na n-oifigeach sinsearach faoin Straitéis Míchumais Náisiúnta.

## Tuairisciú

Ullmhóidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tuarascáil deiridh tar éis chur i gcrích na Straitéise, i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Faireacháin agus Comhairleach. Tabharfar achoimre sa tuarascáil seo ar na torthaí a baineadh amach faoin Straitéis. Sa chaoi seo, ba cheart go dtabharfaí faoi deara go dearadh an Straitéis chun dúshraith a chur ar fáil le cinntiú go ndéantar freastal níos fearr ar riachtanais na ndaoine uathacha i bpolasaí agus i ngníomh príomhshrutha ar fud an rialtais. Mar sin de, cuimseofar moltaí chun aitheantas príomhshrutha na riachtanas atá ag daoine uathacha a chur chun cinn tuilleadh agus a neadú amach anseo.

# Aguisín 1

Soláthrófar sonraí breise san Aguisín seo faoi na sonraí a bhfuil fáil orthu faoi uathacha ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugtar achoimre ar na sonraí seo in Alt 2: Cad a dúradh linn.

Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil ag leibhéal idirnáisiúnta, tá fianaise ann de mhéadú i líon leanaí atá á sainaithint mar leanaí uathacha ag méadú. I Stáit Aontaithe Mheiriceá, tuairiscíonn na hIonaid um Ghalair a Rialú agus a Chosc (CDC), ó thús na 2000idí, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar shainaithint leanaí uathacha 8 mbliana d'aois, ó 6.7 leanbh in aghaidh an 1,000 in 2000 go dtí 27.6 leanbh in aghaidh 1,000 in 2020. Tá sé seo cothrom le méadú ó 1 leanbh as gach 150 leanbh go dtí 1 leanbh as gach 36 leanbh.[12]

Sa Ríocht Aontaithe, léirítear sa daonáireamh scoile bliantúil i Sasana, Tuaisceart Éireann, Albain agus an Bhreatain Bheag, méadú ar an líon daltaí uathacha a shainaithin na scoileanna. Léiríodh i staidéar fadaimseartha thar thréimhse 9 mbliana ó 2010–11 go 2018–19 go bhfuil an leitheadúlacht uathachais is airde i dTuaisceart Éireann, agus 3.2% bainte amach in 2018–19.[13]

Níos déanaí, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte i dTuaisceart Éireann *Prevalence of Autism (including Asperger Syndrome) in School Age Children in Northern Ireland Annual Report 2023*.[14] Agus úsáid a bhaint as figiúirí ó Dhaonáireamh Scoile Thuaisceart Éireann, ba é an leitheadúlacht uathachais mheasta sa daonra ar aois scoile i dTuaisceart Éireann in 2022-23 ná 5%. Aimsíodh rátaí leitheadúlachta níos airde i measc na bhfear, i ndaonraí uirbeacha agus i ngrúpaí sóisialta atá faoi mhíbhuntáiste.

Ag an leibhéal náisiúnta, níl ann faoi láthair d'aon fhoinse sonraí amháin ar uathachas in Éirinn.

Bunaithe ar raon na sonraí atá ar fáil, measadh in 2018 go raibh daoine uathacha cothrom le idir 1.0% agus 1.5% de dhaonra na hÉireann.[15] Bunaithe ar chomparadóirí idirnáisiúnta agus ar an méadú a shamhlaítear atá tagtha ar an líon

---

12 Na hIonaid um Ghalair a Rialú agus a Chosc (2023) *Prevalence and Characteristics of Autism Spectrum Disorder Among Children Aged 8 Years — Autism and Developmental Disabilities Monitoring Network, 11 Suíomh, Na Stáit Aontaithe, 2020*. Ar fáil ag: https://www.cdc.gov/mmwr/volumes/70/ss/ss7011a1.htm

13 McConkey, R. (2020) 'The rise in the numbers of pupils identified by schools with autism spectrum disorder (ASD): a comparison of the four countries in the United Kingdom', *Tacaíocht Foghlama*, 35(2), pp. 132–143.

14 Rodgers, H. and McCluney, J. (2023) *The prevalence of Autism (including Asperger Syndrome) in School Age Children in Northern Ireland Annual Report 2023*. Ar fáil ag: https://www.health-ni.gov.uk/publications/prevalence-autism-including-aspergers-syndrome-school-age-children-northern-ireland-2023

15 An Roinn Sláinte (2018) *Leitheadúlacht Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) a mheas i nDaonra na hÉireann: Athbhreithniú ar fhoinsí sonraí agus staidéir eipidéimeolaíocha*. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/0cc791-reports-on-the-prevalence-of-autism-in-ireland-and-a-review-of-the-s/

daoine atá sainaitheanta mar dhaoine uathacha i roinnt foinsí náisiúnta, áfach, d'fhéadfadh an líon daoine uathacha in Éirinn a bheith níos airde.

I suíomhanna oideachas, mar shampla, bhí méadú seasmhach ann i líon na leanaí uathacha a bhfuil úsáid á baint acu as ranganna speisialta agus áiteanna i scoileanna speisialta, mar a leagtar amach i dTáblaí 1 agus 2.[16]

Leagtar amach i dTábla 1 líon na ranganna speisialta in aghaidh na bliana i scoileanna speisialta ina dtacaítear le leanaí uathacha. Léirítear leis an méadú i líon na ranganna uathachais agus ranganna idirghabháil luath i leith uathachais i mbunscoileanna ó 2010 go 2023.

### Tábla 1: Ranganna speisialta i mbunscoileanna lena dtacaítear le leanaí uathacha

| Líon na ranganna speisialta de réir bliana – bunscoileanna | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An cineál ranga** | **2010** | **2015** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** |
| Luath-idirghabháil uathachais | 21 | 71 | 135 | 133 | 151 | 157 |
| Uathachas | 214 | 482 | 1,000 | 1,217 | 1,463 | 1,698 |

Leagtar amach i dTábla 2 líon na ranganna speisialta in aghaidh na bliana i meánscoileanna ina dtacaítear le leanaí uathacha. Léirítear leis an méadú i líon na ranganna uathachais i meánscoileanna ó 2010 go 2023.

### Tábla 2: Ranganna speisialta i meánscoileanna lena dtacaítear le leanaí uathacha

| Líon na ranganna de réir blianta – meánscoileanna | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An cineál ranga** | **2010** | **2015** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** |
| Uathachas | 65 | 189 | 435 | 524 | 653 | 780 |

Dírítear leis an gcuid is mó den soláthar de ranganna speisialta breise agus ranganna speisialta i scoileanna speisialta le blianta beaga anuas ar thacaíochta a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu. Is leanaí uathacha iad breis is 92% de gach rang speisialta nua agus d'fhormhór na ranganna i scoileanna speisialta do leanaí uathacha anois. Bunaithe ar réamhshonraí le haghaidh na

16 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2023) *Tuarascáil Bhliantúil 2022*. Baile Átha Troim: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

bliana scoile 2023-2024, is ann do bhreis is 14,500 dalta i ranganna uathachais i meánscoileanna agus i mbunscoileanna príomhshrutha. Is ionann seo agus 1.5% den daonra bunscoile agus meánscoile foriomlán.[17]

I suíomhanna cúraim sláinte agus sóisialta, maidir leis an bpróiseas Measúnaithe Riachtanas Reachtúil faoin Acht um Mhíchumas 2005, bhí méadú ar líon na leanaí atá á sainaithint mar uathach. Ar an meán, b'ionann sainaithint uathachais agus 46% de mheasúnuithe iomlán ar chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcrích idir 2015 agus 2023, mar a léirítear i dTábla 3.

Leagtar amach i dTábla 3 na sonraí a bhaineann leis na tuarascálacha measúnaithe a eisíodh sa tréimhse idir 2015–2023, mar aon leis an gcéatadán de leanaí uathacha.

### Tábla 3: Tuarascálacha measúnaithe le haghaidh 2015–2023

| Míchumas | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uathachas | 582 | 772 | 955 | 1,163 | 1,220 | 1,645 | 2,169 | 644 | 1,160 | 10,310 |
| Uathachas mar chéatadán na measúnaithe uile | 29% | 38% | 39% | 41% | 52% | 63% | 59% | 54% | 36% | 46% |

Léirítear le sonraí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freisin go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarrthóirí uathacha i measc fágálaithe scoile a bhfuil próifíl á déanamh orthu le haghaidh seirbhísí míchumais lae. B'ionann iarrthóirí uathacha agus 53% de na hiarrthóirí uile arbh fhágálaithe scoile iad in 2023, mar a leagtar amach i dTábla 4.

### Tábla 4: Fágálaithe scoile uathacha mar chéatadán de na hiarrthóirí uile arbh fhágálaithe scoile iad ar sheirbhísí míchumais lae

| Bliain | 2018 | 2019 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na ndaoine uathacha | 582 | 704 | 863 | 1,046 |
| Céatadán na ndaoine uathacha i measc na n-iarrthóirí uile | N/B | 35% | 46% | 53% |

17 Réamhfhigiúirí ó Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Roinn Oideachais, Aibreán 2024.

Is bunachar sonraí náisiúnta é an Córas Náisiúnta Tacaíochtaí Cumais lena ndéantar eolas a thaifead faoi sheirbhísí míchumais maoinithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a fhaigheann soláthróir seirbhíse nó a shainaithníonn siad mar riachtanach mar thoradh ar mhíchumas intleachtúil; moill forbartha; míchumas fisiciúil, céadfach, néareolaíoch, foghlama, labhartha agus/nó teanga; nó uathachas.

As na sonraí dearbhaithe le haghaidh 2022 a baineadh ó bhunachar sonraí an Chórais Náisiúnta Tacaíochta Míchumais, ba é uathachas an cineál míchumais ba choitianta a taifeadadh le haghaidh leanaí (39%) agus an ceathrú cineál príomh-mhíchumas ba choitianta a tuairiscíodh le haghaidh daoine fásta (5%).[18]

Bunaithe ar an bpróifíl de dhaoine uathacha a raibh baint acu le seirbhísí míchumais in 2022, tríd is tríd, taifeadadh go raibh 15,446 duine uathach. Do 12,818 de na daoine seo, taifeadadh uathachas mar a bpríomh-mhíchumas.[19] Don 2,628 duine eile, taifeadadh uathachas mar mhíchumas sa bhreis ar a p(h)ríomh-mhíchumas a taifeadadh. Ina measc siúd, ba é míchumas intleachtúil an príomh-mhíchumas is coitianta a tuairiscíodh (92%).

As an 15,446 duine uathach a taifeadadh, ba iad seo a leanas príomhthorthaí eile ó bhunachar sonraí an Chórais Náisiúnta Tacaíochtaí Cumais:

- Sa chás ina raibh inscne ar eolas, b'fhir iad 75% dóibh siúd a sainaithníodh mar uathach.
- Bhí beagnach ceathrar as gach cúigear (79%) faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Bhí breis is aon cheathrú (28%) de dhaoine uathacha ina gcónaí i suíomh cónaithe. Bhí cónaí ar bhreis is dhá thrian (67%) de dhaoine fásta uathacha lena dteaghlaigh, bhí cónaí ar 4% acu ina n-aonair agus bhí cónaí ar 1% acu le daoine nach gaolta iad.
- As measc na ndaoine fásta nach raibh cónaí orthu i suíomh cónaithe, thuairiscigh 77% go raibh príomhchúramóir acu.

18 Tá sé tábhachtach go dtugtar faoi deara go bhfuil na sonraí ar chuir na Foirne Líonra Míchumais Leanaí ar ais le haghaidh leanaí níos neamhiomláine ná na sonraí ar chuir soláthróirí seirbhíse ar fáil le haghaidh daoine fásta a bhfuil rochtain á fáil acu ar sheirbhísí míchumais maoinithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

19 Casey, C., Fanagan, S., O'Sullivan, M., *et al.* (2023) *Léargas ar dhaoine ag dul i mbun rannpháirtíochta le seirbhísí míchumais, 2022*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

# Aguisín 2

Is iad seo a leanas na Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla, cuideachtaí leathstáit agus na comhlachtaí eile a bhfuil baint acu leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a sholáthar:

- An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)
- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Coimisiún na Meán
- Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
- An tSeirbhís Cúirteanna
- daa plc (oibritheoir agus bainisteoir aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí)
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Oideachais
- Cigireacht na Roinne Oideachais
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An Roinn Iompair
- Institiúidí breisoideachais agus ardoideachais
- An Bord Taighde Sláinte (BTS)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc
- An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO)

- Intreo (An tSeirbhís Fostaíochta Poiblí)
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- Iarnród Éireann
- Údaráis áitiúla
- Oifigí Fiontair Áitiúla
- An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ)
- Seirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
- Forais chultúrtha náisiúnta (Ard-Mhúsaem na hÉireann, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), Leabharlann Chester Beatty, an Ceoláras Náisiúnta, Gailearaí Ealaíne Crawford, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus an Chartlann Náisiúnta)
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM)
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Seirbhís leabharlainne poiblí
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB)
- Eagraíochtaí Alt 38 agus Alt 39 na hearnála deonaí
- SOLAS
- Spórt Éireann
- Eagraíochtaí na hearnála spóirt
- Grúpa Aerfort na Sionainne
- Translink
- Coimisiún Forbartha an Iarthair

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland